



Annual Report  
Tuarascáil Bhliantúil  
**2019**



**Annual Report 2019**  
**Tuarascáil Bhliantúil 2019**

ISBN: 978-1-904291-59-6

**The Arts Council**

70 Merrion Square,  
Dublin 2, D02 NY52 Ireland

**An Chomhairle Ealaíon**

70 Cearnóg Mhuirfean,  
Baile Átha Cliath 2, D02 NY52 Éire

**[www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)**

[facebook.com/artscouncilireland](https://facebook.com/artscouncilireland)  
[twitter.com/artscouncil\\_ie](https://twitter.com/artscouncil_ie)

t +353 1 618 0200

f +353 1 676 1302

Callsave 1890 392 492



Fidget Feet, *Bingo Wings*. Performed by Aisling Ní Cheallaigh, Karl Quinn, Ronan Brady, Kathryn Cooley, Sianna Bruce, Matthew Horton.  
Photographer: Jym Daley. Fidget Feet, *Bingo Wings*. Arna thaibhiú ag Aisling Ní Cheallaigh, Karl Quinn, Ronan Brady, Kathryn Cooley, Sianna Bruce, Matthew Horton. Grianghrafadóir: Jym Daley.



Zoe Ashe-Browne, *Us*, Ballet Ireland. Performed by Amand Pulaj, Nathan Cornwell, Yuliya Prokharava, Seu Kim, Kevin Witzzenberger. Photographer: Declan English. Zoe Ashe-Browne, *Us*, Ballet Ireland. Arna thaibhiú ag Amand Pulaj, Nathan Cornwell, Yuliya Prokharava, Seu Kim, Kevin Witzzenberger. Grianghrafadóir: Declan English.



## The Arts Council

### Who we are and what we do

The Arts Council is the Irish Government agency for developing the arts. We work in partnership with artists, arts organisations, public policy-makers, and others, to build a central place for the arts in Irish life.

We provide financial assistance to artists, arts organisations, local authorities and others for artistic purposes. We assist and provide information on the arts to Government and to a wide range of individuals and organisations. As an advocate for the arts and for artists, we undertake projects and research, often in new and emerging areas of practice, and increasingly in cooperation with partner organisations.

The Arts Council received €75 million in grant funding from the exchequer for 2019.

## An Chomhairle Ealaíon

### Ár ról agus ár gcuid oibre

Ár ról agus ár gcuid oibre Is í an Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht a cheap Rialtas na hÉireann chun na healaíona a fhorbairt. Oibrímid i gcomhpháirt le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon, le lucht déanta beartas poiblí agus le daoine eile chun áit lárnach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann.

Tugaimid cúnamh airgeadais d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí ealaíon, d'údaráis áitiúla agus do dhaoine eile ar mhaithe le cúrsaí ealaíne. Cuirimid comhairle agus eolas i dtaobh na n-ealaíon ar fáil don Rialtas agus do raon leathan daoine aonair agus eagraíochtaí. Agus muid ag saothrú ar son na n-ealaíon agus ealaíontóirí, tugaimid faoi thionscadail agus faoi thaighde. Baineann cuid mhór díobh seo le réimsí nua den chleachtas ealaíne atá ag teacht chun cinn agus is minic a dhéantar an obair i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta.

Fuair an Chomhairle Ealaíon €75 milliún de dheontas i gcabhair ón státchiste in 2019.





# Contents

## Clár Ábhair

i	Chairs Statement Ráiteas an Chathaoirligh
v	Director's Statement Ráiteas an Stiúrthóra
<b>1</b>	<b>Review of the Year 2019</b> <b>Athbhreithniú ar an mBliain 2019</b>
35	Council Membership 2019 Baill na Comhairle 2019
36	Senior Management Team An Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach
38	Staff An Fhoireann
<b>44</b>	<b>Financial Statements</b> <b>Ráitis Airgeadais</b>





# Chair's Statement

## Ráiteas an Chathaoirligh

Writing this introduction in the early summer months of 2020 is a stark reminder, if one is necessary, of the impact that the Covid-19 crisis has had on the arts.

I was appointed Chair of the Arts Council in June 2019 – and over the second half of that year I had the privilege of experiencing all that is good about the different artforms in Ireland. Returning audience engagement – and protecting the livelihoods of artists and arts workers – is now the challenge consuming the Arts Council.

As a new Chair in 2019 I inherited much of what was in progress. I am grateful for the warm welcome from artists that I get to meet at different events around the country. Their passion and energy is palpable – their work is inspiring – and I look forward to continuing to see work supported by the Arts Council through the remainder of my term as Chair.

In many ways, 2019 was a year of transition at the Arts Council – as well as my appointment, five new members also joined the Council: Sinéad Moriarty, Melatu Uche Okorie, Jillian van Turnhout, Teresa Buczkowska and Mark O’Kelly. By the end of the year, of its 13 members, the Council had six new faces at the table.

There was also a significant change at executive level with the decision of Director Orlaith McBride in October 2019 to take up a new role at the National Archives. Orlaith was an outstanding Director who led the development of the arts in Ireland for almost nine years. Plans to appoint a successor commenced immediately in the latter weeks of 2019 – and, by the end of February 2020, I was delighted to secure agreement on the appointment of Maureen Kennelly, Director of Poetry Ireland, as our new Director.

We are now all working in a very changed world. But the framework which guides the Arts Council remains in place – it was agreed in August 2019 with publication of the second three-year plan (2020–2022) to implement *Making Great Art Work*, the Council’s current strategic plan. In this latest three-year plan, the Council identified new actions to build on work already underway but also agreed new areas for attention.

The 2020–2022 plan is more externally focused – with a commitment to engage more with diverse communities across Ireland and putting equality and human rights at the centre of all our activities. There are still communities in Ireland where access to the arts is difficult. We are

Agus an réamhrá seo á scríobh agam ag tús an tsamhraidh in 2020, cuirtear i gcuimhne dom an tionchar a bhí agus atá ag géarchéim Covid-19 ar na healaíona.

Ceapadh mise i mo Chathaoirleach ar an gComhairle Ealaíon i Meitheamh 2019 – agus sa dara cuid den bhliain sin bhí sé de phribhléid agam taithí a fháil ar na rudaí maithe a bhaineann leis na foirmeacha éagsúla ealaíne in Éirinn. Is é rannpháirtíocht lucht féachana / éisteachta a chothú arís – agus slite beatha ealaíontóirí agus oibríthe ealaíon a chosaint – an dúshlán atá anois roimh an gComhairle Ealaíon.

Mar Chathaoirleach nua in 2019 fuair mé go leor de na rudaí a bhí ar siúl cheana le hoidhreacht. Tá mé buíoch as an bhfáilte chroíúil ó ealaíontóirí a mbuailim leo ag imeachtaí éagsúla timpeall na tíre. Tá a bpaisean agus a bhfuinneamh le brath – tá an saothar inspioráideach – agus, táim ag súil le saothar a dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon leis a fheiceáil sa chuid eile de mo théarma mar Chathaoirleach.

Ar go leor bealaí, ba bhliain aistrithe a bhí in 2019 don Chomhairle Ealaíon – mar aon le mo cheapachán féin, tháinig cúigear comhaltaí nua chuig an gComhairle: Sinéad Moriarty, Melatu Uche Okorie, Jillian van Turnhout, Teresa Buczkowska agus Mark O’Kelly. Faoi dheireadh na bliana, den trí chomhalta déag, bhí seisear nua ar an gComhairle.

Bhí athrú suntasach freisin ag leibhéal feidhmiúcháin mar go ndearna an Stiúrthóir Orlaith McBride cinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2019 ról nua a ghlacadh sa Chartlann Náisiúnta. Bhí Orlaith ina Stiúrthóir iontach a threoraigh forbairt na n-ealaíon in Éirinn ar feadh beagnach naoi mbliana. Cuireadh tús láithreach le pleananna chun comharba a cheapadh ag deireadh 2019 – agus, faoi mhí Fheabhra 2020, bhí áthas orm comhaontú a fháil ar cheapachán Maureen Kennelly, Stiúrthóir Éigse Éireann, mar stiúrthóir nua dúinn.

Táimid ar fad anois ag obair i ndomhan atá athraithe go mór. Ach tá an creat a threoraíonn an Chomhairle Ealaíon fós i bhfeidhm – aontaíodh i Lúnasa 2019 é nuair a foilsíodh an dara plean trí bliana (2020–2022) chun *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, plean straitéiseach reatha na Comhairle a fhorfheidhmiú. Sa plean trí bliana is déanaí sin, shainithin an Chomhairle gníomhartha nua le cur leis an obair a bhí ar siúl cheana agus aontaíodh réimsí nua freisin a ndíreofar aird orthu.

i

Fidget Feet, *Bingo Wings*. Performed by Chantal McCormick, Aisling Ní Cheallaigh, Karl Quinn, Kathryn Cooley, Máire Dee, Christina Zauner, Sianna Bruce. Photographer: Jym Daley. Fidget Feet, *Bingo Wings*. Arna thaibhiú ag Chantal McCormick, Aisling Ní Cheallaigh, Karl Quinn, Kathryn Cooley, Máire Dee, Christina Zauner, Sianna Bruce. Grianghrafadóir: Jym Daley.



Scoil Samhraidh Willie Clancey. Photography by Tony Kearns. Scoil Samhraidh Willie Clancey. Grianghrafadóireacht le Tony Kearns.



committed to breaking down barriers including geography, demography, socio-economic background, gender and disability.

Engagement with the arts must be open to everyone. Delivering this objective was the challenge agreed by the Council in 2019. In an environment where we are dealing with the reality of Covid-19 – as we will be for some time to come – the challenges are even greater. But, so too, is the commitment.

As the development agency for the arts, the Arts Council is successfully working with departments and agencies across Government to increase arts access and to build an arts infrastructure in schools. Over 140,000 children and young people participated in Creative Schools and Creative Clusters programmes in 2019. The investment increased opportunities for artists and creative practitioners to work in schools. The commitment says to every child that they are equal, and included.

As a new Chair I came to the role as someone who has been inspired and challenged by the work of artists as a member of the audience. There has been an additional privilege in attending performances and shows in my capacity as Chair, and seeing how work supported by the Arts Council spans the arc of artistic careers.

President Michael D. Higgins kindly gave his time in 2019 to acknowledge the work of two outstanding artists – announcing Frank Ormsby's appointment as The Ireland Professor of Poetry in September 2019 and, some weeks earlier, conferring the honour of Saoi (wise one) of Aosdána on composer, Roger Doyle.

Only seven members of Aosdána, the affiliation of creative artists in Ireland, can be a Saoi at any one time. Aosdána also elected six new members in 2019, visual artist Aileen Barry; writer Anna Burns; architect Niall McLaughlin; visual artist Clare Langan; writer Doireann Ní Ghríofa; visual artist and Margaret Irwin West. Their election brought the membership to 250 members.

Several exhibitions in 2019 showcased the Arts Council Collection – in Boyle, Co Roscommon, Dublin, Galway, and Cootehill, Co Cavan. Each exhibition was curated using pieces from the Council's collection of almost 1,100 works of Irish art. The Council also supported work in different locations. In Athlone, in a partnership with Westmeath County Council, Martin Dyar became the second John Broderick Writer in Residence. The acclaimed performer and teacher, Danny O'Mahony, was installed as the Traditional Artist in Residence at University College Cork

Tá plean 2020–2022 dírithe níos mó ar an saol seachtrach – táimid tiomanta do rannpháirtíocht níos mó a dhéanamh le pobail níos éagsúla ar fud na hÉireann agus comhionannas agus cearta an duine a chur i gcroílár ár ngníomhaíochtaí ar fad. Tá pobail ann in Éirinn ina bhfuil sé fós deacair rochtain a fháil ar na healaíona. Táimid tiomanta do bhacainní a leagan, lena n-áirítear tíreolaíocht, déimeagrafaíocht, cúlra socheacnamaíoch, inscne agus míchumas.

Níor mhór go mbeadh rannpháirtíocht leis na healaíona oscailte do gach duine. Ba é an cuspóir sin a bhaint amach an dúshlán a d'aontaigh an Chomhairle in 2019. I dtimpeallacht ina bhfuilimid ag déileáil le Covid-19 – mar a bheidh go ceann tamaill eile – tá na dúshláin níos mó fós. Ach, tá an tiomantas níos mó freisin.

Mar an ghníomhaireacht forbartha do na healaíona, tá an Chomhairle Ealaíon ag obair go rathúil leis na ranna agus leis na gníomhaireachtaí ar fud an rialtais chun rochtain ar na healaíona agus bonneagar ealaíon i scoileanna a mhéadú. Ghlac níos mó ná 140,000 leanbh agus duine óg páirt i gclár na Scoileanna Ildánacha agus i gclár na gCnuasach Ildánach in 2019. Mhéadaigh an infheistíocht na deiseanna atá ann d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí cruthaitheacha oibriú i scoileanna. Léiríonn an tiomantas do gach páiste go bhfuil siad ar fad ar comhchéim agus go gcuirtear iad ar fad san áireamh.

Mar Chathaoirleach nua, tháinig mé chuig an ról mar dhuine a fuair inspioráid agus dúshlán ó shaothar ealaíontóirí mar bhall de lucht féachana / éisteachta. Bhí sé de phribhléid agam leis freastal ar thaibhithe agus seónna mar Chathaoirleach, agus féachaint ar an gcaoi a dtasnaíonn an obair a dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon léi gairmeacha éagsúla ealaíne.

Thug an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn a chuid ama go fial in 2019, chun aitheantas a thabhairt do bheirt ealaíontóirí iontacha – d'fhógair sé ceapachán Frank Ormsby mar Ollamh Filíochta na hÉireann i Meán Fómhair 2019 agus, roinnt seachtainí roimhe sin, bhronn sé onóir Saoi Aosdána ar an gcumadóir, Roger Doyle.

Ní féidir ach le seachtar comhaltaí de chuid Aosdána, meitheal na n-ealaíontóirí cruthaitheacha in Éirinn, bheith ina Saoi ag aon am amháin. Thogh Aosdána seisear comhaltaí nua in 2019, Aileen Barry, amharc-ealaíontóir; Anna Burns, scríbhneoir; Niall McLaughlin, ailtire; Clare Langan, amharc-ealaíontóir; Doireann Ní Ghríofa, scríbhneoir; Margaret Irwin West, amharc-ealaíontóir. Fágann a dtoghadh go bhfuil 250 duine san iomlán ina gcomhaltaí anois.

Taispeánadh Bailiúchán na Comhairle Ealaíon i roinnt taispeántas in 2019 – i Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin;

and the novelist Danny Denton became Writer-in-Residence at the same university.

Sadly, we lost and mourned great artists in 2019 including poet and playwright Tom McIntyre, poets Ciaran Carson and Padraic Fiacc, writer Ulick O'Connor, and visual artists Micky Donnelly and member Sonja Landweer.

As part of my appointment as Chair, I attended a meeting of the Joint Oireachtas Committee on Culture, Heritage and the Gaeltacht. In my opening statement to the Committee I mentioned the reality that being an artist is a difficult and precarious life. Despite the many available supports through the Arts Council, more needs to be done to support the living and working conditions of artists. With increased public funding the Arts Council will be able to do more to ensure that artists are supported in all aspects of their artistic practice and at all stages in their careers. A commitment to improving artists' pay and conditions is a priority in our plans for 2020–2022.

The late Ciaran Carson asked in *Belfast Confetti* – 'Where am I coming from? Where am I going?' This report is the Council's account of 2019. It is a record of where we have come from – it is about artists, their work, and the inspiration we all draw from that work.



**Professor Kevin Rafter**

Chair  
June 2020

i mBaile Átha Cliath; i nGaillimh; agus i Muinchille, Co. an Chabháin. Rinneadh gach taispeántas a choimeád ag úsáid píosaí ó bhailiúchán na Comhairle Ealaíon ina bhfuil beagnach 1,100 saothar d'ealaíon na hÉireann. Thacaigh an Chomhairle freisin le hobair in áiteanna éagsúla freisin. I mBaile Átha Luain, i gcomhpháirt le Comhairle Contae na hIarmhí, ceapadh Martin Dyar mar an dara Scríbhneoir Cónaithe John Broderick. Ceapadh an taibheoir agus an múinteoir a bhfuil ardmheas air, Danny O'Mahony, mar an Ealaíontóir Traidisiúnta Cónaithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus ceapadh an t-úrscéalaí Danny Denton mar Scríbhneoir Cónaithe san ollscoil chéanna.

Ar an drochuair, chailleamar agus chaoineamar ealaíontóirí iontacha in 2019 lena n-áirítear an file agus an drámadóir Tom McIntyre, na filí Ciaran Carson agus Pádraic Fiacc, an scríbhneoir Ulick O'Connor agus na hamharc-ealaíontóirí Micky Donnelly agus an comhalta Sonja Landweer.

Mar chuid de mo cheapachán mar Chathaoirleach, d'fhreastail mé ar chruinniú den Chomhchoiste Oireachtas um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht. I mo ráiteas oscailte chuig an gCoiste, luaigh mé an saol deacair neamhchinnte a bhíonn ag an ealaíontóir. In ainneoin na dtacaíochtaí ar fad atá ar fáil tríd an gComhairle Ealaíon, is gá níos mó a dhéanamh chun tacú le dálaí maireachtála agus oibre na n-ealaíontóirí. Le maoiniú méadaithe poiblí, beidh an Chomhairle Ealaíon in ann níos mó a dhéanamh lena chinntiú go dtacaítear le healaíontóirí i ngach gné dá gcleachtas ealaíonta agus ag gach céim dá ngairmeim. Is tosaíocht é inár bpleananna do 2020–2022 pá agus dálaí na n-ealaíontóirí a fheabhsú.

D'fhiafraigh Ciaran Carson, nach maireann, in *Belfast Confetti* – 'Where am I coming from? Where am I going?' Cuntas na Comhairle ar 2019 atá sa tuarascáil seo, is taifead í ar an áit as ar tháingamar – baineann sí le healaíontóirí, a gcuid saothair agus an inspioráid a fhaighimid ar fad ón saothar sin.



**An tOll. Kevin Rafter**

Cathaoirleach  
Meitheamh 2020



## Director's Statement Ráiteas an Chathaoirligh

### Reflecting on the excellent work and achievements of the Arts Council featured in this report, I can't help but think what a difference a year makes.

At the beginning of 2019 the organisation set forth, as always, resolute in its determination to support an increasingly vibrant and creative arts sector. When I had the immense privilege of taking up the role of Director in mid-April this year the environment could not be more different. As a consequence of the COVID-19 crisis the livelihoods of artists, arts workers and arts organisations had been decimated and the sector was facing an unprecedented avalanche of challenges.

Building on the sterling work undertaken by my predecessor Orlaith McBride since 2011, we now need to ensure that we address these challenges head-on and work together to ensure the arts in Ireland not only just survive but recover and thrive in these uncertain times. Fortunately for us all, we live in a society that values the arts. 90% of Irish citizens believe that the arts play an important and valuable role in our lives and over one million people participate in the arts each year. In 2019 the Government allocated €75 million to the Arts Council, which represented an increase of almost €7 million from the previous year. This significant endorsement of our work allowed us to continue to focus on our strategic priorities as well as establishing a number of new and exciting initiatives.

Through its Strategic Funding programme, €37 million was invested in the sector, which included grants to key arts organisations throughout the country. An investment of an additional €12 million went to continuing projects and programmes including Arts Grant Funding, the Open Call programme as well as grants for hundreds of productions, touring events and festivals. As always, support for individual artists continued, with over €5 million disbursed via commissions, schemes, bursaries, residencies, travel and training grants, as well as through the Aosdána Cnuas. Local Authorities, Ealaín na Gaeltachta, and arts venues received over €8 million. In addition, €5 million in development funding investment supported a number of long-term initiatives, including artists making work with children and young people in disability and health settings.

There were also a number of key new initiatives and collaborations during this period. 2019 saw the publication

### Ag féachaint siar ar obair mhór na Comhairle Ealaíon agus ar na héachtaí a baineadh amach mar a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil seo, feictear dom gur fada an tréimhse í bliain.

Ag tús 2019 bhí an eagraíocht meáite, mar a bhíonn i gcónaí, ar thacaíocht a thabhairt don earnáil ealaíon atá ag éirí níos cruthaithí agus níos beoga an t-am ar fad. Nuair a bhí sé de phribhléid mhór agam ról an Stiúrthóra a ghlacadh i lár mhí Aibreáin i mbliana, bhí athrú mór ar an timpeallacht. Mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19 tháinig scrios ar shlí beatha ealaíontóirí, oibríthe ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon agus bhí mórán dúshlán le sárú ag an earnáil.

Ag leanúint den obair iontach a rinne Orlaith McBride romham ó 2011, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt go díreach ar na dúshláin agus oibriú le chéile chun a chinntiú ní hamháin go dtiocfaidh na healaíona in Éirinn slán ach go mbeidh rath agus bláth orthu i ré seo na héiginnteachta. Ar ámharaí an tsaol dúinn uile, tá cónaí orainn i sochaí a bhfuil meas aici ar na healaíona. Creideann 90% de shaoránaigh na hÉireann go bhfuil ról tábhachtach luachmhar ag na healaíona inár saol agus glacann níos mó ná milliún Éireannach páirt sna healaíona gach bliain. In 2019, leithdháil an Rialtas €75m ar an gComhairle Ealaíon arb ionann é agus méadú de bheagnach €7m ón mbliain roimhe sin. Chuir an tacaíocht shuntasach sin dár gcuid oibre ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag díriú ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha chomh maith le roinnt tionscnaimh nua spreagúla a bhunú.

Tríd an gClár Maoinithe Straitéisigh, infheistíodh €37 milliún san earnáil lena n-áirítear deontais do phríomheagraíochtaí ealaíon ar fud na tíre. Infheistíodh €12 mhíliún eile chun leanúint de thionscadail agus de chlár, lena n-áirítear Maoiniú Deontais do na hEalaíona, an clár Gairmeacha Oscailte, agus deontais do na céadta léirithe, camchuaritheanna agus féilte. Mar a tharlaíonn i gcónaí, leanadh de thacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí aonair agus iocadh €5 mhíliún ar choimisiúin, scéimeanna, sparánachtaí, cónaitheachtaí, deontais taistil agus oiliúna agus trí Chnuas Aosdána freisin. Fuair Údarás Áitiúla, Ealaín na Gaeltachta, agus ionaid tionóil ealaíon os cionn €8m. Anuas air sin, thacaigh €5 mhíliún de mhaoiniú forbartha le tionscnaimh fhadtéarmacha, lena n-áirítear ealaíontóirí a bhí i mbun saothair le leanaí agus daoine óga i saoráidí míchumais agus sláinte.



↑ Company Wang Ramirez, WAM, Dublin Dance Festival. Photography by Fred Fouché. Compánas Wang Ramirez, WAM, Féile Dhamhsa Bhaile Átha Cliath. Grianghrafadóireacht le Fred Fouché.

of the first Arts Council Policy and Strategy for Arts Centres, with an accompanying increase in budget that supports the work of these organisations as they collaborate with artists, arts organisations and local authority arts offices. In relation to festivals and events, the Council increased its support for long-standing festival organisations, instigated travel and training supports for festival directors and programmers and included festivals in the Arts Grant Funding programme for the first time. All of these initiatives provide a greater degree of funding flexibility for organisations seeking support for their work.

The Creative Place project was another new programme, with the initial pilot awarded to Tuam, Co Galway. This project was developed so that Communities who have not had the opportunity to benefit from sustained investment in the arts can now do so. You can read about these and other new initiatives in this report. And as you read you will also see that across all artforms new opportunities were explored, dynamic collaborations were formed, creative ideas came to fruition and ambitions were realised by our artists, arts workers and arts organisations with the ongoing support of the Arts Council.

Rinneadh príomhthionscnaimh agus comhoibrithe nua le linn na tréimhse sin freisin. Foilsíodh an chéad Bheartas agus Straitéis de chuid na Comhairle Ealaíon d'Ionaid Ealaíon in 2019 agus méadaíodh an buiséad lena dtacaítear le hobair na n-eagraíochtaí sin agus iad ag comhoibriú le healaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus oifigí ealaíon údarás áitiúil. Maidir le féilte agus imeachtaí, mhéadaigh an Chomhairle an tacaíocht a thugann sí d'eagraíochtaí seanbhunaithe féile, chuir sí tacaíochtaí taistil agus oiliúna ar bun do stiúrthóirí agus eagarthóirí clár i gcomhair féilte agus áiríodh féilte sa chlár Maoinithe Deontais do na hEalaíona den chéad uair. Tugann na tionscnaimh sin go léir solúbthacht maoinithe níos mó d'eagraíochtaí atá ag lorg tacaíochta dá gcuid oibre.

Clár nua eile ba ea tionscadal na nÁiteanna Ildánacha agus reáchtáladh an tionscadal ar bhonn píolótach i dTuaim, Contae na Gaillimhe. Forbraíodh an tionscadal ionas gur féidir le pobail nach bhfuair an deis leas a bhaint as infheistíocht inbhuanaithe sna healaíona é sin a dhéanamh anois. Is féidir leat léamh faoi na tionscnaimh a luaitear thuas agus faoi thionscnaimh nua eile sa tuarascáil seo. Agus tú ag léamh, feicfidh tú gur fiosraíodh deiseanna nua, gur cruthaíodh comhar nua, gur tugadh smaointe cruthaitheacha chun críche agus go ndearna ealaíontóirí, oibrítheoirí ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon tionscadail uailmhianacha a bhí



The importance of having an arts sector that is more accessible and more representative of our country in all its diversity cannot be underestimated. Another highlight from 2019 that I would like to mention is the introduction of our Equality, Human Rights and Diversity (EHRD) Policy and Strategy which was first published at the Places Matter conference at NUI Galway. The implementation of this policy will ensure that everyone who lives in this country has the opportunity to engage with, and participate in, the arts. The prospect of reflecting modern Ireland in the arts is a highly exciting one and I'm delighted that our ambitious work in this area has already begun.

The arts make us who we are and continue to be the lifeblood that pumps through our veins and touches our hearts in the most positive of ways. Now, perhaps more than any other time in its existence, the Arts Council is renewing its promise to help build resilience, inclusion and sustainability in the sector. In the short time that I have been in my new role, I have been heartened by the warmth of the welcome I have received from both my colleagues and those working in the arts. I have also been inspired by the insights I have gained so far, which have led me to believe in the absolute dedication of everyone to get through the dark days and emerge into the light.

These times keep bringing me back to powerful lines from the late Toni Morrison. On the occasion of her Nobel Prize for Literature in 1993, she said, *'This is precisely the time when artists go to work. There is no time for despair, no place for self-pity, no need for silence, no room for fear. We speak, we write, we do language. That is how civilizations heal.'*

I am under no illusions about the enormity of the challenges ahead but the Arts Council's commitment to supporting the arts sector and the people within it will not waiver and I have no doubt that our combined sense of purpose will prevail and allow us all to prosper.

*Maureen Kennelly*

**Maureen Kennelly**  
Director  
June 2020

le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon i gcás na bhfoirmeacha éagsúla ealaíne ar fad.

Ba cheart an tábhacht a bhaineann le hearnáil ealaíon atá níos inrochtana agus níos ionadaí don tír agus d'éagsúlacht na tíre a thuiscint. Buaicphointe eile de 2019 ba mhaith liom a lua is ea gur sheolamar Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht (CCDÉ) na Comhairle Ealaíon, a foilsíodh den chéad uair ag an gcomhdháil 'Places Matter' in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is é is aidhm leis an mbeartas go mbeadh deis ag gach duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn dul i ngleic leis na healaíona agus páirt a ghlacadh iontu. Tá sé iontach a bheith ag smaoineamh ar Éirinn nua-aimseartha a léiriú sna healaíona agus táim rí-shásta gur tosaíodh ar obair uaillmhianach sa réimse cheana.

Is cuid thábhachtach den saol in Éirinn iad na healaíona, coinníonn siad ag imeacht muid agus téann siad i bhfeidhm orainn ar bhealach a théann chun tairbhe dúinn uile. Anois níos mó ná riamh, tá an Chomhairle Ealaíon ag gealladh go gcabhróidh sí le hathléimneacht, ionchuimsiú agus inbhuanaitheacht a chothú san earnáil. Sa tréimhse ghearr ama a chaith mé i mo ról nua go dtí seo, ba mhór an t-ardú croí dom an fháilte a chuir mo chomhghleacaithe agus iad siúd atá ag obair sna healaíona romham. Fuair mé spreagadh freisin ó na léargais a fuair mé go dtí seo a thug orm creidiúint ina thiomanta atá gach duine chun teacht trí na laethanta dorcha seo agus go mbeidh lá eile againn.

Cuirtear línte cumhachtacha Toni Morrison nach maireann i gcuimhne dom go minic ar na saolta seo. Is mar seo a leanas a labhair sí agus í ag glacadh le Duais Nobel na Litríochta in 1993: *'This is precisely the time when artists go to work. There is no time for despair, no place for self-pity, no need for silence, no room for fear. We speak, we write, we do language. That is how civilizations heal.'*

Níl aon dul amú orm faoi na dúshláin ollmhóra atá amach romhainn ach ní theipfidh ar thiomantas na Comhairle Ealaíon chun tacú le hearnáil na n-ealaíon agus leis na daoine a oibríonn inti agus níl aon amhras orm go seasfaimid an fód agus go dtiocfaidh ár lá feabhais.

*Maureen Kennelly*

**Maureen Kennelly**  
Stiúrthóir  
Meitheamh 2020

Spraoi Parade. Photographed by John Loftus.  
Mórshúil Spraoi. Grianghraf le John Loftus.





# Our Values

## Ár Luachanna

As a statutory public body the Arts Council operates within a framework of legal and regulatory obligations and a range of codes of good practice. In addition we are guided by a set of values that includes:

- **Freedom of thought and of expression**  
which is essential to the development of new ideas and new work
- **Commitment to excellence**  
in all aspects of our own work and of that of artists, arts organisations, and others we support
- **Integrity, accountability, transparency**  
in all of our decision-making and especially in our investment of public monies
- **Respect for diversity of artistic practice**  
of public engagement, and of social and cultural traditions
- **Collegiality**  
communicating and working respectfully with partners, stakeholders and the whole arts sector

Mar chomhlacht poiblí reachtúil, feidhmíonn an Chomhairle Ealaíon laistigh de chreat dualgais dlí agus rialaithe agus réimse cód um dhea-chleachtas. Mar aon leis sin, táimid treoraithe ag sraith luachanna lena n-áirítear:

- **Saoirse smaointeoireachta agus léirithe**  
rud atá ríthábhachtach chun smaointe agus saothar nua a fhorbairt
- **Tiomantas do shármhaitheas**  
i ngach gné dár gcuid oibre féin agus de shaothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, agus daoine eile lena dtacaímid
- **Sláine, cuntasacht, trédhearcacht**  
inár gcinnteoireacht ar fad agus go háirithe san infheistíocht a dhéanaimid ar airgead poiblí
- **Meas ar éagsúlacht i gcleachtas ealaíne,**  
i rannpháirtíocht an phobail, agus i dtraidisiúin shóisialta agus chultúrtha

ix

# Our Vision

## Ár bhFís

We are inspired by the prospect of an Ireland

- where the arts are valued as central to civic life, as a hallmark of local and national identity, and as sign and signature of our creativity as a people
- where the arts are practised and enjoyed widely in our communities, public spaces (real and virtual) and in dedicated venues and centres across the country
- where artists and practitioners whose exceptional talent and commitment lead them to work professionally in the arts can have productive and rewarding careers
- where local and national politicians, decision-makers and officials in a wide range of departments and agencies recognise the distinctive societal value of the arts and provide for them accordingly
- where the Arts Council as the national development agency for the arts is resourced adequately to address the full breadth of its remit

Faighimid inspioráid nuair a smaoinimid ar Éirinn

- ina léirítear luach ar na healaíona mar ghné lárnach den saol cathartha, agus mar shainmharc d'aitheantas áitiúil agus náisiúnta agus mar chomhartha agus mar shíniú dár gcruthaitheacht mar dhaoine
- ina gcleachtar agus ina mbaintear taitneamh as na healaíona go forleathan inár bpobail, i spásanna poiblí (fíor agus réadúil) agus in ionaid speisialta ar fud na tíre
- inar féidir le healaíontóirí agus le cleachtóirí atá ag obair go gairmiúil sna healaíona mar gheall ar an mbua agus tiomantas iontach atá acu gairmeacha táirgiúla agus tairbheacha a bheith acu
- ina n-aithníonn polaiteoirí, cinnteoirí agus oifigigh áitiúla agus náisiúnta i réimse leathan ranna agus gníomhaireachtaí luach sochaíoch sainiúil na n-ealaíon agus ina ndéanann siad soláthar dóibh dá réir sin
- ina dtugtar dóthain acmhainní don Chomhairle Ealaíon mar ghníomhaireacht forbartha náisiúnta i gcomhair na n-ealaíon le dul i ngleic i gceart le leithead iomlán a sainchúraim

x



# Our Mission

## Ár Misean

xi

**Our mission is to lead the development of the arts in Ireland. We do this in four ways:**

- We advocate the importance and value of the arts and promote their practice and development.
- We advise government and others on the arts as required by the Arts Act.
- We invest public monies allocated to us by government in supporting artists and arts organisations to make work of excellence and in other actions consistent with our remit.
- We work in partnership with the Department of the Arts and with other government departments as well as with local government and with agencies and organisations within and beyond the cultural sector.

**Is é ár misean forbairt na n-ealaíon a threorú in Éirinn. Déanaimid é sin ar cheithre bhealach:**

- Tacaímid le tábhacht agus luach na n-ealaíon agus cuirimid a gcleachtadh agus a bhforbairt chun cinn.
- Cuirimid comhairle ar an rialtas agus ar dhreamanna eile maidir leis na healaíona de réir mar is gá san Acht Ealaíon.
- Infheistímid airgead poiblí a leithdháileann an rialtas orainn le tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun saothar sármhaith a chruthú agus i ngníomhartha eile a thagann lenár sainchúram.
- Oibrímid i gcomhpháirt leis an Roinn Ealaíon agus le ranna rialtais eile mar aon le rialtas áitiúil agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí laistigh den earnáil chultúrtha agus taobh amuigh di.



Ohad Naharin, *Minus 16*, Ballet Ireland. Performed by Ohad Naharin. Photography by Declan English. Ohad Naharin, *Minus 16*, Ballet Ireland. Arna thaibhiú ag Ohad Naharin. Grianghrafadóireacht le Declan English.



# Arts Funding 2019

## Maoiniú na n-Ealaíon 2019

xiii

### International Programme for Artists

Travel & Training  
€290,585 shared  
by 255 participants

### Clár Idirnáisiúnta d'Ealaíontóirí

Taisteal & Oiliúint  
€290,585 roinnte  
ag 255 duine

xiv

The Arts Council received  
€75 million in grants in 2019.

# €75m

Fuair an Chomhairle Ealaíon deontais  
arbh fhiú €75 milliún iad in 2019.



**€66 million** was spent on grants given directly to organisations and artists including €7 million to The Abbey Theatre and €2.6 million to Aosdána

Caitheadh **€66 milliún** ar dheontais a tugadh go díreach d'eagraíochtaí agus d'ealaíontóirí lenár áiríodh €7 milliún a tugadh d'Amharclann na Mainistreach agus €2.6 milliún a tugadh d'Aosdána

#### Individual Artists

Projects  
€2,927,682 for 95 recipients

Bursaries  
€1,822,491 for 170 recipients

Bursary – Emerging Artist  
€360,000 for 18 recipients

Commissions  
€136,252 for 24 recipients

Dance Artist in Residence Scheme  
€99,805 for 5 recipients

Deis Recording  
€89,945 for 16 recipients

#### Ealaíontóirí Aonair

Tionscadail  
€2,927,682 darbh fhiú 95 duine

Sparánachtaí  
€1,822,491 darbh fhiú 170 duine

Sparánacht – Ealaíontóir atá ag teacht chun cinn  
€360,000 darbh fhiú 18 duine

Coimisiúin  
€136,252 darbh fhiú 24 duine

Scéim um Ealaíontóir Damhsa Cónaithe  
€99,805 darbh fhiú 5 duine

Taifeadadh Deis  
€89,945 darbh fhiú 16 duine

#### Touring

National Touring  
€1,945,470 supporting 54 grantees

#### Clár Idirnáisiúnta d'Ealaíontóirí

Camchuirteanna Náisiúnta  
€1,945,470 ag tacú le 54 deontaithe

#### Opera

Opera Main Scale Producer  
€3,003,505

Opera Production Award  
€648,289 for 7 productions

#### Ceoldrámaíocht

Léiritheoir Príomhscála Ceoldrámaíochta  
€3,003,505

An Dámhachtain um Léiriúchán Ceoldráma  
€648,289 ar son 7 ceoldráma

#### Open Call

Open Call €760,122 to 6 participants

#### Gairm Oscailte

Gairmeacha Oscailte €760,122 ar son 6 duine



#### Festivals & Events

**€8,705,000** supporting 159 festivals and events

Wexford Festival Opera  
€1,450,000

Dublin Theatre Festival  
€850,000

Galway Arts Festival  
€590,000

Dublin Dance Festival  
€463,820

Kilkenny Arts Festival  
€400,000

#### Féile & Imeachtaí

**€8,705,000** ag tacú le 159 Féile agus Imeachtaí

Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman  
€1,450,000

Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath  
€850,000

Féile Ealaíon na Gaillimhe  
€590,000

Féile Dahmhsa Bhaile Átha Cliath  
€463,820

Féile Ealaíon Chill Chainnigh  
€400,000

#### Partnership Funding

Art Centres  
€5,866,635 to 50 centres

#### Local Authority Partnership

Local Authority Grants  
€1,848,984 supporting 31 grantees

Invitation to Collaboration  
€350,000 to 5 participants

Ealaín Na Gaeltachta  
€341,500 to 1 participant

#### Maoiniú Comhpháirtíochta

Ionaid Ealaíon  
€5,866,635 ar son 50 ionaid

#### Comhpháirtíocht Le hÚdarás Áitiúil

Deontas ó Údarás Áitiúil  
€1,848,984 ag tacú le 31 deontaithe

Cuireadh chun Comhoibrithe  
€350,000 ar son 5 duine

Ealaín na Gaeltachta  
€341,500 ar son 1 duine

#### Young People and Children

Creative Schools  
€596,000 for 298 participants

Young Ensembles Schemes  
€164,254 for 14 participants

#### Daoine Óga agus Leanaí

Scoileanna Ildánacha  
€596,000 ar son 298 duine

Scéimeanna Ensembles na nÓg. €164,254 ar son 14 duine

#### Arts Grant Funding

€5,331,361 for 116 grantees

#### Strategic Funding

€26,617,692 for 112 grantees

#### Maoiniú Deontais do na hEalaíona

€5,331,361 ar son 116 deontaithe

#### Maoiniú Straitéiseach

€26,617,692 ar son 112 deontaithe.





# Review of the year 2019

## Athbhreithniú ar an mBliain 2019

### Artists' Supports

The Government provided the Arts Council with €75 million in funding for 2019, an increase of almost €7 million over 2018. This significant increase allowed both continued investment and new initiatives.

The Council invested €37 million through its Strategic Funding programme, including grants to key arts organisations across the country. A further €12 million was invested in projects and programmes, including Arts Grant Funding, Project Awards, Open Call, and grants for hundreds of productions, touring arts, and festivals.

Supports for individual artists, through the Aosdána cnuas, bursaries, commissions, schemes, residencies, and Travel and Training Awards, were over €5 million. Local Authorities, Ealaín na Gaeltachta, and arts venues received over €8 million.

Development funding for 2019 was €5 million. This was an investment in building on a broad range of long-term initiatives and plans, from Laureate na nÓg to artists' residencies. It also included support for artists making work with children and young people in disability and health settings.

There was further investment in the Scoileanna Ildánacha / Creative Schools pilot, the flagship initiative of the Government's Creative Ireland programme, aimed at maximising the creative potential of every child. Creative Schools was led by the Arts Council in partnership with the Department of Education and Skills and the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, with schools in every region of the country participating in 2019. Nearly €600,000 was spent in 2019 and another €164,000 on Young Ensembles Schemes.

These amounts only hint at how work by artists and arts organisations have produced transformative experiences in the way only art can. Their stories are now told in more detail in this report.

### Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí

In 2019, chuir an Rialtas maoiniú de €75m ar fáil dúinn le haghaidh 2019 ar méadú beagnach €7m é ar an maoiniú a fuair in 2018. Cheadaigh an méadú suntasach sin dúinn infheistíocht a dhéanamh, idir infheistíocht leanúnach agus infheistíocht i dtionscnaimh nua.

D'infheistigh an Chomhairle €37 milliún tríd an gClár Maoinithe Straitéisigh, lena n-áirítear deontais do phríomheagraíochtaí ealaíon ar fud na tíre. Infheistíodh €12 milliún eile i dtionscadail agus i gcláir, lena n-áirítear Maoiniú Deontais do na hEalaíona, Dámhachtainí Tionscadail, Gairmeacha Oscailte, agus deontais do na céadta léirithe, camchuirteanna agus féilte.

Níos mó ná €5 milliún i gceist leis an tacaíocht d'ealaíontóirí aonair, trí chnuas Aosdána, sparánachtaí, coimisiúin, scéimeanna, cónaitheachtaí agus deontais taistil agus oiliúna. Fuair Údarás Áitiúla, Ealaín na Gaeltachta, agus ionaid tionóil ealaíon os cionn €8 milliún.

Bhí €5 mhilliún i gceist leis an maoiniú forbartha in 2019, infheistíocht a bhí ann chun forbairt a dhéanamh ar raon leathan tionscnamh agus pleananna fadtéarmacha, idir Laureate na nÓg agus cónaitheachtaí d'ealaíontóirí agus áirítear tacaíocht ann d'ealaíontóirí i mbun saothair freisin le leanaí agus daoine óga i saoráidí míchumais agus sláinte.

Rinneadh tuilleadh infheistíochta sa chlár piolótach Scoileanna Ildánacha, an tionscnamh suaitheanta de chlár Éire Ildánach an Rialtais chun an cumas cruthaitheachta i ngach leanbh a chumasú. Tá Scoileanna Ildánacha faoi threoir na Comhairle Ealaíon i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh scoileanna i ngach réigiún den tír rannpháirteach sa tionscnamh in 2019. Caitheadh beagnach €600,000 in 2019 agus €164,000 eile ar Scéimeanna Ensembles na nÓg.

Ní thugann na méideanna sin ach léargas ginearálta ar an gcaoi ar chuir saothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíne eispéiris bunathraitheacha ar fáil ar bhealach nach féidir ach leis an ealaín a dhéanamh. Insítear na scéalta sin anois níos mine sa tuarascáil seo.



## Arts Participation

Arts Participation practice, comprising participatory, collaborative, socially engaged and community arts, is a key tenet of public engagement, which is a policy priority in our strategy, *Making Great Art Work*.

The Arts Council's role in this area is to support the development of opportunities for a diverse range of individuals and communities to engage with high-quality artistic practice as participants and artistic co-creators in particular, as well as engaging as audiences and volunteers.

Arts Participation also allows professional artists to work in a diverse range of arts and cross-sectoral contexts, including cultural diversity, community development, health, disability, and creative ageing, thereby enhancing artistic practice, and extending artform development.

In addition to managing a wide range of grants and awards in the area of Arts Participation in 2019, the Arts Council continued to develop and fund external schemes:

- *The Artist in the Community Scheme*, managed by Create on behalf of the Arts Council
- *The Arts and Disability Connect Scheme*, managed by Arts & Disability Ireland
- *The Visual Artists and Writers in Prison Schemes*, managed in partnership with the Irish Prison Service (IPS)

The Arts Council worked with Create to increase opportunities for artists from culturally diverse backgrounds within *The Artist in the Community Scheme*, and further developed strategic partnerships with the HSE and IPS.

*Making Great Art Work* focuses on ensuring access and participation with communities, individuals and groups that are excluded from mainstream arts provision. The Arts Participation team works closely with other teams at the Arts Council, as well as with organisations and agencies in the arts and other sectors to develop greater understanding and initiatives in this area.

## Rannpháirtíocht sna hEalaíona

Tá cleachtas rannpháirtíochta sna healaíona, lena n-áirítear ealaíona rannpháirteacha, ealaíona comhoibritheacha, ealaíona atá rannpháirteach go sóisialta agus ealaíona pobail ina bhunphrionsabal lárnach den Rannpháirtíocht leis an bPobal, atá ina thosaíocht bheartais sa straitéis *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*.

Is é ról na Comhairle Ealaíon sa réimse sin tacú le deiseanna a fhorbairt do réimse éagsúil daoine aonair agus pobal le bheith páirteach i gcleachtas ealaíonta ardchaighdeán, mar rannpháirtithe agus comhchruthaitheoirí ealaíonta go háirithe, mar aon le bheith páirteach mar lucht féachana / éisteachta agus oibríthe deonacha.

Chomh maith leis sin, éascaíonn Rannpháirtíocht sna hEalaíona d'ealaíontóirí gairmiúla oibriú i réimse éagsúil ealaíon agus comhthéacsanna trasearnála, lena n-áirítear éagsúlacht chultúrtha, forbairt pobail, sláinte, míchumas agus aosú ildánach, agus mar sin, feabhsaítear cleachtas ealaíonta agus méadaítear forbairt foirme ealaíne.

Anuas ar réimse leathan deontas agus dámhachtainí a bhainistiú i réimse Rannpháirtíochta sna hEalaíona in 2019, lean an Chomhairle Ealaíon de scéimeanna seachtracha a fhorbairt agus a mhaoiniú:

- *Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal*, arna bainistiú ag Create ar son na Comhairle Ealaíon
- *Scéim Ceangal na nEalaíon agus an Mhíchumais*, arna bainistiú ag Arts & Disability Ireland
- *Scéimeanna na nAmharc-ealaíontóirí agus na Scribhneoirí sna Príosúin* arna mbainistiú i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS)

D'oibríomar le Create chun deiseanna a mhéadú d'ealaíontóirí ó chúlraí éagsúla cultúrtha i *Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal*, agus d'fhorbraíomar tuilleadh comhpháirtíochtaí Straitéiseacha le FSS agus IPS.

Tá fócas i *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* ar rochtain agus rannpháirtíocht a chinntiú i gcás pobal, daoine aonair agus grúpaí a eisítear ón sholáthar príomhshrutha ealaíne. Oibríonn an fhoireann Rannpháirtíochta sna healaíona go dlúth le foirne eile sa Chomhairle Ealaíon, mar aon le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí eile sna healaíona agus in earnálacha eile chun tuiscint níos mó agus tionscnaimh a fhorbairt sa réimse sin.

## Arts Centres

Having commissioned a review of venues in 2018, its completion enabled the publication of Arts Council Policy and Strategy for Arts Centres 2019, in agreement with the County and City Management Association. The criteria for 2020 applications reflect the new policy, which includes support to artists by arts centres in the development and production of work; the encouragement of collaborative relationships with other arts organisations and local authority arts offices; and the incorporation of Ireland 2040 strategic objectives. A substantial increase in budget was agreed to support the new policy and strategy.

There was a continuing increase in the number of artists supported by arts centres through residencies, provision of workspace and commissions. These included the Lime Tree theatre's hosting of Belltable's *Bread Not Profits* (on the Limerick Soviet in 1919) and the Hawk's Well theatre's *Countess* (on Countess Markievicz) in Lissadell Church, Sligo. The north-west network of arts centres in Roscommon, Leitrim, Longford and Sligo produced *Both Sides of the Lough*, showcasing the wealth of musical talent in the area. Visual artist Brian Maguire's work in prisons was a major part of Rua Red's programme in Tallaght, while Sandra Johnston's exhibition and lecture was a memorable part of Project Arts Centre's programme.

## Ionaid Tionóil

Tar éis athbhreithniú ar ionaid tionóil a choimisiúnú in 2018, críochnaíodh an t-athbhreithniú in 2019 agus foilsíodh an chéad Beartas agus Straitéis de chuid na Comhairle Ealaíon d'Ionaid Ealaíon, i gcomhaontú leis an gCumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach. Léirítear sna critéir d'iarrais 2020 an beartas nua ina n-áirítear go dtabharfaidh ionaid ealaíon tacaíocht d'ealaíontóirí maidir le saothar a fhorbairt agus a tháirgeadh, caidreamh comhoibritheacha a spreagadh le heagraíochtaí ealaíne eile agus oifigí ealaíon na n-údarás áitiúil agus ionchorprú cuspóirí straitéiseacha Éire 2040 a chuimsiú laistigh den straitéis. Aontaíodh méadú suntasach sa bhuiséad chun tacú le beartas agus straitéis nua.

Bhí méadú leanúnach i líon na n-ealaíontóirí ar thacaigh ionaid ealaíon leo trí chónaitheachtaí, spásanna oibre a sholáthar agus coimisiúin agus thacaigh Lime Tree | Belltable le *Bread Not Profits* (maidir le Sóibhéid Luimnigh in 1919) agus *Countess* de chuid Hawk's Well (faoin gCuntaois Markievicz) i Séipéal Lissadell i Sligeach. Léirigh líonra na n-ionad ealaíon san iarthuaisceart i Ros Comáin, Liatroim, an Longfort agus Sligeach *Both Sides of the Lough*, inar taispeánadh an saibhreas tallann cheoil sa cheantar. Bhí obair an amharc-ealaíontóra Brian Maguire i bpríosúin ina cuid mhór de chlár Rua Red i dTamhlacht agus bhí taispeántas / léacht Sandra Johnston ina cuid speisialta de chlár Ionad Ealaíon Project.



Dublin Fringe Festival Outdoor.  
Féile Imeachach Bhaile Átha Cliath Lasmuigh.



## Creative Schools

The Creative Schools initiative supports a diverse range of school types across Ireland to explore the arts and creative practices. The categories include primary and secondary schools, Youthreach centres, special schools, DEIS schools and Irish language schools.

Schools were provided with a package of supports, including funding over two years and a Creative Associate to enable them to explore the potential impact of the arts and creativity on school life. Teacher-School coordinators and Creative Associates took part in training with the Creative School team, and with Hub na nÓg on youth voice in decision-making. Schools were encouraged to develop a sustainable Creative School Plan that responds to their needs and priorities. Children and young people were supported to challenge themselves in new ways, to gain confidence and to take a more active role in learning.

The initiative supports the establishment of a range of collaborative opportunities for schools and strengthens the relationships between schools and the broader arts, creative, education, cultural and community infrastructure within which they operate.

By September 2019, the number of schools involved had doubled to 300 and there were 85 Creative Associates working in partnership with them.

The first Creative Schools Celebration week took place from November 4 to 8, 2019, involving a series of flagship events in public art spaces in Donegal, Cork, Galway, Westmeath and Dublin. Several in-school celebrations also took place, giving children and young people the opportunity to share their work as part of the Creative Schools initiative.

## Scoileanna Ildánacha

Tacaíonn tionscnamh na Scoileanna Ildánacha le réimse leathan cineálacha scoileanna ar fud na hÉireann chun cleachtais ealaíon agus chruthaitheacha a fhiosrú. Áirítear ar na cineálacha scoileanna bunscoileanna, meánscoileanna, ionaid Ógtheagmhála, scoileanna speisialta, scoileanna DEIS agus scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge.

Cuireadh pacáiste tacaíochta ar fáil do na scoileanna a raibh maoiniú thar dhá bhliain agus sainchomhairle ó Chomhlach Cruthaitheach mar chuid de a chuir ar chumas na scoile breathnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na healaíona agus ag an gcruthaitheacht ar shaol na scoile. Ghlac múinteoirí is comhordaitheoirí scoile agus Comhlaigh Chruthaitheacha páirt i gcúrsa oiliúna le foireann Scoileanna Ildánacha agus le Hub na nÓg maidir le guth na hóige sa chinnteoireacht. Spreagadh scoileanna chun Plean Scoile Ildánaí inbhuanaithe a fhorbairt a fhreagraíonn do riachtanais agus do thosaíochtaí na scoile. Tacaíodh le leanaí agus le daoine óga dúshlán nua a thabhairt dóibh féin, a gcuid muiníne a fhorbairt agus ról níos gníomhaí a bheith acu san fhoghlaim.

Tacaíonn an Plean le raon deiseanna comhoibritheacha a bhunú do scoileanna agus láidríonn sé na caidrimh idir scoileanna agus an bonneagar ealaíon, cruthaitheach, oideachais, cultúrtha agus pobail níos leithe ina bhfeidhmíonn siad.

Faoi Mheán Fómhair 2019, mhéadaigh líon na scoileanna faoi dhó go dtí 300 agus bhí 85 Comhlach Cruthaitheach ag oibriú i gcomhar le scoileanna.

Reáchtáladh an chéad seachtain Ceiliúrtha ar Scoileanna Ildánacha ón 4 go 8 Samhain 2019 inar tharla sraith imeachtaí suaitheanta i spásanna poiblí ealaíne i nDún na nGall, i nGaillimh, san Iarmhí agus i mBaile Átha Cliath. Tharla roinnt ceiliúrtha i scoileanna freisin ina raibh deis ag leanaí agus daoine óga a gcuid saothair a rinneadh go dtí sin a roinnt mar chuid de thionscnamh na Scoileanna Ildánacha.

## Festivals and Events

The Arts Council's role and stated ambition is to advocate for a diverse and varied arts festival ecology and to provide a chain of funding supports that encourage models of national and international significance and best practice; models that increase opportunities for public engagement or develop the work of an artist / artform; and festival programmes engaged with, and relevant to, the local community.

In 2019, the Festival Investment Scheme ensured opportunities for local artists and strengthened the requirement for increased public engagement by supporting festival programmes in every artform in 25 of the 26 counties across the state.

In addition to supporting new festival ideas and programmes, there was increased priority support for long-standing festival organisations that had invested in strategic planning and measures to promote good practice.

The introduction of Travel and Training Awards resulted in funding for eight festival directors and programmers to visit and observe international work, and to learn from these exchanges as part of a broader provision of festival capacity building.

The inclusion of festivals in the Arts Grant Funding programme provides support to 11 festivals to deliver programmes and developmental projects that contribute to the development of the arts, and to provide artists with creative opportunities.

The combination of Travel and Training Awards, the Festival Investment Scheme and Arts Grant funding, alongside the Strategic Funding programme, ensures a flexible and comprehensive suite of supports to festivals, which represents an appropriate response to these various festival models and their different stages of development and capacity building.

Across these various funding programmes, the Council supported 160 festivals. A further commitment to five arts organisations and local authority arts offices with satellite activities that included festival delivery also provided additional opportunities for public engagement in the arts, a key role in supporting local arts infrastructure, and ensured the continuity of a diverse national festival ecology.

## Féilte agus Imeachtaí

Is é ról agus uaimhian na Comhairle Ealaíon tacú le féilte ilghnéitheacha éagsúla mar aon le slabhra tacaíochtaí maoinithe a chur ar fáil a spreagann na nithe seo a leanas: samhailtí atá suntasach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus an dea-chleachtas, samhailtí a mhéadaíonn deiseanna do rannpháirtíocht an phobail nó a fhorbraíonn saothar ealaíontóra / foirm ealaíne, cláir féile atá ag obair leis an bpobal áitiúil, agus atá ábhartha dó.

In 2019, chinntigh Scéim Infheistíochta na bhFéilte deiseanna d'ealaíontóirí áitiúla agus láidrígh sí an riachtanas do rannpháirtíocht an phobail níos mó trí thacú le cláir féile i ngach foirm ealaíne i 25 de na 26 contae ar fud na tíre.

Mar aon le tacú le smaointe agus cláir nua féile, cuireadh tacaíocht tosaíochta mhéadaithe ar fáil d'eagraíochtaí fadbhunaithe féile a raibh infheistíocht déanta acu i bpleanáil straitéiseach agus i mbearta dea-chleachtais.

Mar thoradh ar thacaíochtaí taistil agus oiliúna a thabhairt isteach, mar aon le tionscnamh nua, bronnadh ocht ndámhachtain ar stiúrthóirí agus ar lucht eagraithe féilte chun cuairt a thabhairt ar shaothar idirnáisiúnta agus breathnú orthu, agus foghlaim ón malartú sin chun acmhainn féilte a fhorbairt níos leithne.

Mar gheall go bhfuil féilte san áireamh sa chlár Maoiniú Deontais do na hEalaíona, tugtar tacaíocht d'aon fhéile dhéag chun cláir agus tionscadail forbartha a dhéanamh a chuireann le forbairt na n-ealaíon agus a chruthaíonn deiseanna d'ealaíontóirí.

Cinntítear leis an meascán de thacaíocht don Taisteal agus Oiliúint, Scéim Infheistíochta na bhFéilte agus an clár Maoinithe Straitéisigh go mbeidh raon tacaíochtaí solúbtha agus cuimsitheacha ann chun tacú le féilte a fhreagraíonn go cuí leis na múnlaí éagsúla féile seo agus a gcéimeanna éagsúla forbartha agus forbartha cumais.

Leis na cláir éagsúla mhaoinithe sin, thacaigh an Chomhairle le 160 féile. Le tiomantas breise do chúig eagraíochtaí ealaíne agus oifigí ealaíon na n-údarás áitiúil a n-áirítear seachadadh féile lena ngníomhaíochtaí satailíte cuireadh deiseanna breise ar fáil do rannpháirtíocht an phobail sna healaíona, ról lárnach i dtacú le bonneagar áitiúil ealaíon agus leanúnachas na héiceolaíochta éagsúla féile náisiúnta.





↑ Creative Schools at the National Gallery. Photography by Maxwells. Scoileanna Ildánacha ag an nGailearaí Náisiúnta. Grianghrafadóireacht le Maxwells.

→ Creative Schools. Photography by Maxwells. Scoileanna Ildánacha. Grianghrafadóireacht le Maxwells.



← Macnas Parade. Photographed by Julia Dunin Photography. Mórshúil Macnas. Grianghraf le Julia Dunin Photography.

↓ Macnas Parade. Photographed by Julia Dunin Photography. Mórshúil Macnas. Grianghraf le Julia Dunin Photography.





## Local Arts

The Arts Council continued to partner with local government as laid out in the joint agreement, *A Framework for Collaboration 2016–2025*. Our partnership support with local government over the past 35 years continues to ensure that the arts reach into communities and townlands across the country, and that artists are supported locally at all stages of their careers.

Local authorities are the second-biggest funders of the arts in Ireland (the Arts Council being the biggest, of course). In 2019, the Council progressed several joint initiatives overseen by the Arts Council / Local Government Management Liaison Group and Working Group:

- The second biennial *Places Matter* conference took place in NUI Galway, attended by 320 people. The conference focused on building inclusion in the arts, with focus on cultural diversity. It was chaired by Dr. Ronit Lentin. Dr. Sindy Joyce delivered the keynote address.
- The roll-out of individual and bespoke Framework Agreements continued with 22 local authority agreements completed or underway by the end of 2019.
- Research and consultation for the joint arts centre review was completed and helped inform part of the draft *Framework for Collaboration* work plan for 2020–2022.
- A review of the first three years of *An Invitation to Collaboration* was completed. In December, five new awards were made to Laois, Offaly, Sligo, Limerick, and Carlow for ambitious regional collaborative projects. These projects all address key strategic objectives, such as supporting artists, building inclusion in the arts, and diversifying and growing audiences.
- Two exchange days between Local Authority Arts Officers and Arts Council staff were held to explore shared areas of arts development locally and nationally.

## Na hEalaíona Áitiúla

Lean an Chomhairle Ealaíon lena comhpháirtíocht leis an rialtas áitiúil arna leagan amach sa chomhaontú, *Creatlach don Chomhoibriú 2016–2025*. Cinntíonn ár gcomhpháirtíocht tacaíocht le rialtas áitiúil le 35 bliain anuas go bhfuil na healaíona ar fáil i bpobail agus i mbailte fearainn ar fud na hÉireann agus go dtacaítear leis na healaíontóirí go háitiúil ag gach céim ná ngairmréim.

I ndiaidh na Comhairle Ealaíon, is iad na hÚdarás Áitiúla an dara maoinitheoir is mó do na healaíona in Éirinn. In 2019, rinneamar dul chun cinn i dtaobh roinnt comhthionscnamh, a ndéanann an Chomhairle Ealaíon / Grúpa Idirchaidrimh Bainistíochta agus Grúpa Oibre an Rialtais Áitiúil maoirsiú orthu:

- Reáchtáladh an chomhdháil dhébhliantúil *Tá Tábhacht le hÁiteanna* den dara huair in OÉ Gaillimh agus d'fhreastail 320 uirthi. Díriodh sa chomhdháil ar chuimsiú a fhorbairt sna healaíona agus fócas ar leith ar éagsúlacht chultúrtha. Ba í an Dr Ronit Lentin, cathaoirleach na comhdhála agus thug an Dr Sindy Joyce an spreagaitheasc.
- Leanadh ar aghaidh ag cur Creat-chomhaontuithe aonair agus oiriúnaithe i bhfeidhm: cuireadh 22 chomhaontú le húdarás áitiúla i gcrích nó bhí an obair ar na comhaontuithe idir lámha faoi dheireadh 2019.
- Cuireadh an taighde agus comhairliúchán don chomhathbheithniú ar ionaid ealaíon i gcrích agus chabhraigh sé le buneolas a chur faoin bplean oibre sa *Dréacht-Chreatlach don Chomhoibriú 2020–2022*.
- Cuireadh athbheithniú i gcrích ar an gcéad trí bliana de *Chuireadh chun Comhoibrithe*. I mí na Nollag, bronnadh cúig dhámhachtain eile ar Laois, Uíbh Fhailí, Sligeach, Luimneach agus Ceatharlach as tionscadail chomhoibritheacha uailmhianacha réigiúnacha. I ngach tionscadal tugtar aghaidh ar phríomhchuspóirí straitéiseacha amhail tacú le healaíontóirí, cuimsiú a thógáil sna healaíona agus an lucht féachana / éisteacht a éagsúlú agus a fhás.
- Rinne Oifigigh Ealaíon na nÚdarás Áitiúil agus foireann na Comhairle Ealaíon tuairimí agus taithí a mhalartú ar feadh dhá lá agus breathnaíodh ar réimsí comhchoiteanna i bhforbairt na n-ealaíon go háitiúil agus go náisiúnta.

## Creative Place Pilot

Following two years of research and development, the Arts Council entered discussions with Galway County Council to pilot the inaugural Creative Places project in Tuam. The town was offered the pilot programme after satisfying a number of criteria around arts investment, complemented by its youthful demographic, diverse community and presence of Deis schools.

The three-year pilot will recognise and address gaps in the spatial and demographic distribution of Council funding. It is aimed at communities around the country that have been deprived of opportunities to benefit from sustained investment in the arts.

Create, the national organisation for socially engaged arts practice, has been contracted to deliver the pilot, which will be led by Carolann Courtney. Create Places Tuam will build upon, and be informed by, many years of community arts practice in Ireland.

## Public Art 2019

The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht announced the Government would increase funding available through the *Per Cent for Arts Scheme* from 2020 and that the Arts Council would have an enhanced role in the coordination of the scheme. Progress was made in planning and scoping work during 2019.

Six videos were commissioned by the Arts Council to highlight innovative uses of the *Per Cent for Art Scheme* that reflected engaging ways to work with communities.

[www.publicart.ie](http://www.publicart.ie)

## Clár Píolótach Áiteanna Ildánacha

Tar éis dhá bhliain de thaighde agus d'fhorbairt, chuaigh an Chomhairle Ealaíon i mbun plé le Comhairle Contae na Gaillimhe chun clár píolótach a leagan amach don chéad tionscadal Áiteanna Ildánacha i dTuaim. Tugadh an clár píolótach do Thuaim tar éis dóibh roinnt critéar a shásamh maidir le hinfheistíocht ealaíon mar aon le staitisticí arda i leith daonra óg, pobail éagsúla agus scoileanna DEIS.

Is clár píolótach trí bliana é, ina n-aithneofar agus ina rachfar i ngleic le bearnaí i ndáileadh spásúil agus déimeagrafach mhaoiniú na Comhairle Ealaíon agus forbraíodh an clár do phobail ar fud na tíre nach raibh deiseanna acu go dtí seo tairbhe a bhaint as infheistíocht leanúnach sna healaíona.

Tugadh conradh do Create, an eagraíocht náisiúnta don chleachtas ealaíon atá rannpháirteach go sóisialta, chun an tionscadal píolótach trí bliana a dhéanamh ar an talamh agus an tionscadal á threorú ag Carolann Courtney. Cuirfidh Create Places Tuaim le leor blianta den chleachtas ealaíon pobail in Éirinn agus beidh an méid sin mar bhunú leis freisin.

## Ealaín Phoiblí 2019

D'fhógair an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta go méadóidh an Rialtas an maoiniú atá ar fáil do *Scéim an Chéatadáin don Ealaín ó 2020* agus go mbeadh ról nua feabhsaithe ag an gComhairle Ealaíon i gcomhordú na scéime. Rinneadh dul chun cinn ar obair phleanála agus scópála i rith 2019.

Choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaíon sé fhíseán chun aird a dhíriú ar úsáidí nuálacha a baineadh as *Scéim an Chéatadáin don Ealaín* inar léiríodh bealaí rannpháirteacha le hoibriú le pobail. Eiseofar na físeáin ag tús 2020 ar

[www.publicart.ie](http://www.publicart.ie)



## International Work

The Arts Council hosts the Creative Europe Desk Ireland (CEDI) Culture Office to support international arts. This provides information, advice, and technical assistance, to cultural organisations interested in applying to Creative Europe – Culture – Cooperation projects, with a view to facilitating as many Irish applicants as possible.

In 2019, 11 Irish organisations were involved in successful Creative Europe – Culture – Cooperation projects. Two Irish organisations were involved as lead coordinators, while nine participated as co-partners. The combined direct Irish grant allocation was over €2 million.

To develop capacity and provide enhanced opportunities for artists, the Arts Council offers a co-funding award for successful Creative Europe projects.

Throughout the year the CEDI Culture Office hosted and took part in events across the country in collaboration with Creative Europe Media desks in Galway and Dublin. These were focused on audience development, gender equality, and new business models for arts and culture organisations. The office continued to collaborate with arts organisations and institutions across the country, which provided opportunities for networking, discussion, and sharing information.

The office also provided information and advice to more than 168 individuals and organisations from the culture sector. In October, it hosted an intensive workshop for organisations planning to make applications to the Creative Europe programme.

The Arts Council continued to offer its Travel and Training Award. This supports artists who wish to avail of training and other professional development opportunities abroad. In 2019, 225 awards were made. Funding went to artists involved in a range of artforms and practices, including Arts Centres, Arts Participation, Circus, Dance, Festivals, Film, Literature, Music, Opera, Street Arts, Theatre, Young People, Children and Education, and Visual Arts.

## Obair Idirnáisiúnta

Óstálann an Chomhairle Ealaíon Deasc na hEorpa Cruthaithí Éireann – Oifig Cultúir chun tacú leis na healaíona idirnáisiúnta. Soláthraíonn sé faisnéis, comhairle agus cúnaimh teicniúil d’eagraíochtaí cultúrtha ar suim leo iarratas a dhéanamh ar Thionscadal Cultúir – Comhoibrithe na hEorpa Cruthaithí, chun a oiread iarratasóirí Éireannacha agus is féidir a éascú.

In 2019, ghlac 11 eagraíocht Éireannach páirt i dtionscadail Chomhoibrithe de chuid Thionscadal Cultúir – Comhoibrithe na hEorpa Cruthaithí. Ghlac dhá eagraíocht Éireannacha páirt ann mar phríomh-chomhordaitheoirí comhpháirteacha agus bhí 9 n-eagraíocht páirteach mar chomhpháirtithe agus bronnadh leithdháileadh deontais dhíriú de níos mó ná €2 mhilliún ar Éirinn ar an iomlán.

D’fhonn cumas a fhorbairt agus deiseanna feabhsaithe a chur ar fáil d’ealaíontóirí, cuireann an Chomhairle Ealaíon dámhachtain chómhaoinithe ar fáil do thionscadail Chlár na hEorpa Cruthaithí a n-éiríonn leo.

Le linn na bliana, d’óstáil Deasc na hEorpa Cruthaithí Éireann – Oifig Cultúir agus ghlac siad páirt in imeachtaí ar fud na tíre ag comhoibriú le Deasca na hEorpa Cruthaithí i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath dírithe ar fhorbairt lucht féachana, comhionannas inscne, agus múnlá nua gnó do na healaíona agus d’eagraíochtaí cultúir. Lean an oifig ag comhoibriú le heagraíochtaí agus institiúidí ealaíne ar fud na tíre agus chuir deiseanna ar fáil i gcomhair líonraithe, plé agus comhroinnt eolais. Chuir Deasc na hEorpa Cruthaithí Éireann – Oifig Cultúir faisnéis agus comhairle ar os cionn 168 duine aonair agus eagraíocht ón earnáil chultúir. I mí Dheireadh Fómhair, d’óstáil sé diancheardlann d’eagraíochtaí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar Chlár na hEorpa Cruthaithí.

Lean an Chomhairle Ealaíon ag tairiscint a Dámhachtana Taistil agus Oiliúna. Tacaíonn sé seo go príomha le healaíontóirí ar mian leo leas a bhaint as oiliúint agus as deiseanna forbartha gairmiúla eile thar lear. Bronnadh 225 dámhachtain sa bhliain 2019. Bronnadh an maoiniú ar ealaíontóirí atá ag cleachtadh thar raon foirmeacha agus cleachtas ealaíne lena n-áirítear Ionaid Ealaíon, Rannpháirtíocht sna hEalaíona, Sorcas, Damhsa, Féilte, Scannánaíocht, Litríocht, Ceol, Ceoldrámaíocht, Sráidealaíona, Amharclannaíocht, Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas agus na hAmharc-ealaíona.

Fidget Feet, Vertical Dancers from Blank Canvas Event. Photography by Jym Daly.  
Fidget Feet, Damhsóirí Ingearacha ó Imeacht Blank Canvas. Grianghrafadóireacht le Jym Daly.



## Architecture

2019 was an unprecedented year of support for high-quality, internationally acclaimed architecture exhibitions, which toured Ireland to a diverse range of audiences.

The Arts Council supported the Irish tour of *Free Market*, which represented Ireland at the 2018 Venice Architecture Biennale. The unique exhibition format visited four towns. With internal and external exhibition installation, the curators led conversations and talks about the towns themselves in each location, mediating architecture via the exhibition in new and innovative ways. The impact of the tour was felt both locally and nationally, triggering wider discussions on the structure and the future of towns in Ireland.

The Arts Council continued to support the Irish Architecture Foundation and its activities. Under a special Arts Council initiative, the IAF partnered with VISUAL Carlow and the Glucksman in Cork to produce the national tour of *Close Encounter: Meetings with Remarkable Buildings*. Curated by Yvonne Farrell and Shelley McNamara as a special exhibition at Venice Biennale 2018, FREESPACE exhibition presented 16 Irish architects whom the curators had invited, to make a physical or spatial interpretation of a specific building by another architect. The exhibition was supported by conferences and a public conversation with the architects involved concerning the legacy of this exhibition. This was supported by the Arts Council under the Venice Mentoring Initiative in 2018.

Individual artists continued to receive supports, including bursaries, and Travel and Training Awards. Previous bursary awardees Alice Casey (TAKA) (2014) and Colm Moore (Clancy Moore) (2011) won recognition for their work at the Architectural Review Emerging Architecture awards 2019.

## Ailtireacht

Bliain nach bhfacthas a leithéid riamh ab ea 2019 maidir le tacaíocht do thaispeántas ailtireachta ardchaighdeáin, a fuair moladh go hidirnáisiúnta chun camchuairt a thabhairt timpeall na hÉireann chuig réimse éagsúil pobal.

Thacaigh an Chomhairle Ealaíon le camchuairt *Free Market* ar Éirinn. *Free Market*, an ionadaíocht náisiúnta ar son na hÉireann ag Féile Biennale na Veinése in 2018. Thug siad cuairt ar cheithre bhaile le formáid uathúil taispeántais. Le suiteáil taispeántais inmheánach agus seachtrach, threoraigh na Coimeádaíthe comhráit agus cainteanna faoi na bailte i ngach láthair, ag déanamh idirghabháil ar an ailtireacht tríd an taispeántas ar bhealaí nua agus nuálacha. Braitheadh tionchar na camchuairte go háitiúil agus go náisiúnta mar gur spreag sé pléití níos leithne ar struchtúr agus ar thodhchaí na mbailte in Éirinn.

Lean an Chomhairle Ealaíon ag tacú le Foras Ailtireachta na hÉireann agus a ghníomhaíochtaí. Faoi thionscnamh speisialta de chuid na Comhairle Ealaíon, chuaigh IAF i gcomhpháirt le VISUAL, Ceatharlach agus le Dánlann Glucksman, Corcaigh chun camchuairt náisiúnta de *Close Encounter: Meetings with Remarkable Buildings* a chur ar siúl. Arna choimeád ag Yvonne Farrell agus Shelley McNamara mar thaispeántas speisialta in FREESPACE, Féile Biennale na Veinése 2018, cuireadh i láthair sa taispeántas 16 ailtire Éireannach ar thug na Coimeádaíthe cuireadh dóibh léirmhíniú fisiciúil nó spásúil a dhéanamh ar fhoirgneamh ar leith a rinne ailtire eile. Thacaigh comhdhálacha agus comhrá poiblí le hailtí a bhain le hoidhreacht an taispeántais sin leis an taispeántas agus thacaigh an Chomhairle Ealaíon leis an tionscnamh faoi Thionscnamh Meantóireachta na Veinése in 2018.



The Project Award also returned in 2019, funding a single project to support an emerging group of architects. In this instance, Co-Lab led a participatory building project at the site of a former Magdalene Laundry in Dublin.

The *Engaging with Architecture Scheme* funded two projects and individuals in a range of initiatives intended to share and engage specific audiences with architecture under Strand 2. For Strand 2, four innovative projects were funded for individuals to test ideas and develop future projects.

The Arts Council also participated in the process to form a new National Policy on Architecture and Built Environment, which was launched for public consultation in December 2019.

### Circus, Street Art and Spectacle

Difficulties in securing insurance cover for arts organisations that conduct aerial work continue to significantly affect the Circus, Street Arts and Spectacle (CSAS) community. Besides general increases in premiums, in many cases, artists and companies find it impossible to negotiate insurance cover of any kind for their aerial activities.

As well as this being a huge threat to the health and development of the CSAS sector as a whole, these problems directly affect organisations and projects in receipt of Arts Council funding, such as the *Galway Community Circus* and their work with Galway 2020, and other companies such as *Taking Flight*, and the *Irish Aerial Creation Centre*.

Despite continued advocacy work from groups like the *ISACS Network* and other established CSAS companies that have engaged directly with the Insurance Reform Working Group, NCFA, Department of Culture, Heritage and Gaeltacht as well as other relevant bodies, the crisis remains unresolved and will continue to affect the arts sector in 2020.

The Arts Council offered funding through various organisational platforms designed to support the creation of new work and the development of the sector, including awards for bursaries, projects, touring, arts grants funding, strategic funding, and Travel and Training Awards.

The Arts Grants Funding programme is an excellent addition to the funding opportunities available to mid-level and established artists and companies. It provides a valuable outlet to support artistic projects or activities that would otherwise have been restricted in their scope and / or ambition with regard to artistic creation or professional development.

Leanadh ar aghaidh ag tacú le healaíontóirí aonair le sparánachtaí agus le dámhachtainí taistil agus oiliúna. Bhain dámhachtainí sparánachta roimhe seo Alice Casey (TAKA) (2014) agus Colm Moore (Clancy Moore) (2011) tairbhe as aitheantas as a gcuid saothair ag Gradaim Ailtreachta ag Teacht Chun Cinn de chuid Architectural Review in 2019.

In 2019, tháinig an Dámhachtain Tionscadail ar ais. Maoiníodh tionscadal amháin le tacú le grúpa ailtirí atá ag teacht chun cinn, Co-Lab chun tionscadal tógála rannpháirtíochta a threorú ag suíomh an iar-Neachtlan Magdalene i mBaile Átha Cliath. Maoiníodh dhá thionscadal agus daoine aonair faoin *Scéim Rannpháirtíochta san Ailtireacht* le raon tionscnamh a raibh sé mar chuspóir acu an ailtireacht a roinnt le lucht féachana ar leith agus go mbeadh an lucht féachana sin rannpháirteach san ailtireacht faoi Shnáithe 2. I gcomhair Snáithe 2, maoiníodh ceithre thionscadal nuálacha do dhaoine aonair chun tástáil a dhéanamh ar smaointe agus tionscadail a fhorbairt don todhcháil.

Ghlac an Chomhairle Ealaíon páirt freisin sa phróiseas chun Beartas Náisiúnta nua um Ailtireacht agus an Timpeallacht Thógtha a chur le chéile, a seoladh i gcomhair sainchomhairliúchán poiblí i mí na Nollag 2019.

### Sorcas, Sráidealain agus Seónna

Tá tionchar suntasach go fóill ag na deacrachtaí a bhaineann le clúdach árachais a fháil d'eagraíochtaí ealaíne a dhéanann obair aerga ar an bpobal Sorcas, Sráidealaine agus Seónna (CSAS). Anuas ar na méaduithe ginearálta i bpréimheanna, in go leor cásanna, ní féidir le healaíontóirí agus cuideachtaí clúdach árachais de chineál ar bith a fháil dá ngníomhaíochtaí aerga.

Mar aon leis an mbagairt mhór atá ann don tsláinte agus d'fhorbairt na hearnála Sorcas, Sráidealaine agus Seónna ina hiomláine, bhí tionchar díreach ag na fadhbanna sin ar eagraíochtaí agus ar thionscadail a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon cosúil le Sorcas Pobal na Gaillimhe agus a gcuid oibre le Gaillimh 2020, agus compántais eile mar sin cosúil le *Taking Flight* agus *Irish Aerial Creation Centre* a raibh dúshlán mhóra rompu ar fad.

In ainneoin obair abhcóideachta ó ghrúpaí cosúil le *Líonra ISACS* agus compántais CSAS bunaithe eile a bhí rannpháirteach go díreach leis an nGrúpa Oibre um Athchóiriú Árachais, NCFA, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta mar aon le comhlachtaí ábhartha eile, níor réitíodh an ghéarchéim agus beidh tionchar aici fós ar earnáil na n-ealaíon in 2020.

Arts Council representatives engaged in a number of sectoral events focused on the areas of arts practice and strategic direction. These events included the ISAN discussion hosted by ISACS and Spraoi, and the ISACS seminars held at the National Circus Festival of Ireland, which provided opportunities for insightful and creative policy discussions within the CSAS community.

In May, the ISACS Network helped host and coordinate *Circostrada's Fresh Street #3* international Street Art conference in conjunction with Galway 2020. This event saw a large group of international delegates taking part in three days of seminars, organised in partnership with the Arts Council. There were also networking events and showcasing opportunities that highlighted the national sector and created opportunities to make professional connections.

There was an abundance of CSAS work featured in the Dublin Fringe Festival programme, including the award-winning Rachel Ní Bhraonáin's *Losing My Body*, Aisling Ní Cheallaigh and Ronan Brady's *How to Square a Circle*, Emily Aoibheann's *Sorry Gold*, Darragh McLoughlin's *Stickman*, and *Absolute Legends* by the Lords of Strut.

The Project Award funded the artistic highlight, *By A Thread*, performed by the Vertical Dance duo, Kat & Dawg Productions. The production was a fusion of aerial circus, dance, theatre, and traditional Irish music that presented these emerging artists as a vibrant and challenging voice within the community.

Thairg an Chomhairle Ealaíon maoiniú ar ardáin éagsúla eagraíochta a bhí ceaptha chun tacú le saothar nua a chruthú agus leis an earnáil a fhorbairt, lena n-áirítear dámhachtainí i gcomhair Sparánachtaí, Tionscadal, Camchuariteanna, Maoiniú Deontais do na hEalaíona, Maoiniú Straitéiseach agus Taisteal & Oiliúint.

Cuireann an clár Maoinithe Deontais do na hEalaíona leis na deiseanna maoinithe atá ar fáil d'ealaíontóirí agus do chompántais mheánleibhéil agus bhunaithe. Cuireann sé asraon luachmhar ar fáil chun tacú le tionscadail nó gníomhaíochtaí ealaíonta a bheadh srianta seachas sin ina raon feidhme agus / nó uailmhian maidir le cruthú ealaíonta nó forbairt ghairmiúil.

Ghlac ionadaithe na Comhairle Ealaíon páirt i roinnt imeachtaí earnála dírithe ar réimse an chleachtais ealaíon agus na teorach straitéise. Áirítear i measc na n-imeachtaí sin an plé ISAN a d'óstáil ICAS agus Spraoi, agus seimineáir ISACS ar réachtáil Féile Náisiúnta Sorcas na hÉireann, a chuir deis ar fáil do phlé léirsteanach cruthaitheach ar bheartas laistigh den phobal CSAS.

I mí na Bealtaine, chabhraigh Líonra ISACS chun comhdháil idirnáisiúnta Sráidealaine *Fresh Street #3* de chuid *Circostrada* a óstáil agus a chomhordú i gcomhar le Gaillimh 2020. Mar chuid den imeacht seo, bhí líon mór toscairí idirnáisiúnta páirteach i dtrí lá de sheimineáir a eagraíodh i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon. Bhí imeachtaí líonraithe ann freisin agus deiseanna taispeántais a léirigh an earnáil náisiúnta agus a chruthaigh deiseanna chun naisc ghairmiúla a dhéanamh.

Bhí flúirse saothair CSAS le feiceáil i gclár Fhéile Imeachach Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear *Losing My Body* le Rachel Ní Bhraonáin, a bhfuil gradaim bainte amach aige, *How to Square a Circle* le hAisling Ní Cheallaigh agus Ronan Brady, *Sorry Gold* le Emily Aoibheann, *Stickman* le Darragh McLoughlin agus *Absolute Legends* le the Lords of Strut.

Buaicphointe ealaíonta ba ea *By A Thread* leis an mbeirt Damhsóirí Ingearacha, Kat & Dawg Productions arna mhaoiniú ag an Dámhachtain Tionscadail. Meascán a bhí sa léiriú seo de shorcas aerga, damhsa, amharclannaíocht agus ceol traidisiúnta na hÉireann a chuir na healaíontóirí seo atá ag teacht chun cinn i láthair mar ghuth beoga agus dúshlánach laistigh den phobal.



## Dance

The year was marked by dynamic artistic collaborations, involving cross-disciplinary approaches. Choreographers created some of their most distinctive new work to date, including Zoe Ashe-Browne's *Us*, David Bolger's *Frances Footwork*, Tara Brandel's *Too*, Philip Connaughton's *Mamafesta Memorialising*, Deirdre Griffin's *Soup*, Michael Keegan-Dolan's *Mám*, Jessica and Megan Kennedy's *A Different Wolf*, Lucia Kickham's *Init*, Luke Murphy's *Carnivore*, Liz Roche's *I / Thou*, John Scott's *Divine Madness*, and Áine Stapleton's *Horrible Creature*.

Opportunities for audiences to experience dance also increased with the establishment of a new festival in Dublin. The *Dancer from the Dance: Festival of New Irish Choreography*, directed by John Scott, joined a growing range of vibrant dance festivals across the country that provide vital platforms for showcasing new work from Irish and international choreographers and offer exciting opportunities for communities to engage with the festivals' artists and their work.

The Arts Council continued to champion the development and delivery of a broad range of artist-led projects and activities across all parts of the country, giving the public access to a rich variety of dance experiences. This was achieved through Strategic Funding Awards, Bursary Awards, Project Awards, Dance Artist Residency Awards, Arts Grants Funding, Touring and Dissemination of Work Scheme awards, the Festivals Investment Scheme, and Travel and Training Awards.

The creation of highly imaginative and powerful dance works for younger audiences was especially evident. Most notably, CoisCéim Dance Theatre's *Francis Footwork*, United Fall's *Birdboy* and Mónica Muñoz Marín's *Princesses Can Be Pirates*, all highlighted the sector's important contribution to young audience creations.

Last year also saw increasing international recognition, opportunity and demand for Irish dance works from, among others, Colin Dunne, Alexandre Iseli and Jazmín Chiodi, Aoife McAtamney, Mary Nunan, and Liv O'Donoghue. Plaudits in the international media for Michael Keegan-Dolan's *Swan Lake / Loch na hEala* and Oona Doherty's *A Belfast Prayer*, consolidated Ireland's reputation as a distinctive creative nation, whose dance can connect with global audiences.

## Damhsa

Tharla roinnt comhoibríthe ealaíonta dhinimiciúil in 2019 le cuir chuige trasdisciplíneacha agus cóiréagrafaihte ag cruthú roinnt dá gcuid oibre is sainiúla go dtí seo, lena n-áirítear *Us* le Zoe Ashe Brown, *Frances Footwork* le David Bolger, *Too* le Tara Brandel, *Mamafesta Memorialising* le Philip Connaughton, *Soup* le Deirdre Griffin, *Mám* le Michael Keegan-Dolan, *A Different Wolf* le Jessica agus Megan Kennedy, *Init* le Lucia Kickham, *Carnivore* le Luke Murphy, *I / Thou* le Liz Roche, *Divine Madness* le John Scott, agus *Horrible Creature* le Áine Stapleton.

Tháinig méadú freisin ar dheiseanna don lucht féachana chun taithí a fháil ar an damhsa nuair a bunaíodh féile nua i mBaile Átha Cliath. Cuireadh 'Dancer from the Dance, Féile Cóiréagrafaíochta Nua na hÉireann', arna stiúradh ag John Scott, leis an raon d'fhéilte beoga damhsa atá ag tarlú ar fud na tíre a chuireann ardáin ríthábhachtacha ar fáil chun saothar nua ó chóiréagrafaihte Éireannacha agus idirnáisiúnta a thaispeáint agus a thugann deiseanna do phobail dul i ngleic le healaíontóirí féilte agus a gcuid saothair.

Lean an Chomhairle Ealaíon ag tacú le forbairt agus seachadadh réimse leathan tionscadal agus gníomhaíochtaí faoi threoir ealaíontóirí i ngach cearn den tír, ag tabhairt rochtain don phobal ar éagsúlacht shaibhir eispéireas damhsa. Baineadh sin amach leis na Dámhachtainí Maoinithe Straitéisigh, Dámhachtainí Sparánachta, Dámhachtainí Tionscadail, Dámhachtainí Cónaitheachta d'Ealaíontóirí Damhsa, Maoiniú Deontais do na hEalaíona, dámhachtainí na Scéime Camchuairte agus Scaipthe Saothair, Scéim Infheistíochta na bhFéilte agus Dámhachtainí Taistil agus Oiliúna.

Bhí saothair dhamhsa an-samhlaíoch agus cumhachtacha a chruthaíodh do lucht féachana óga le feiceáil go soiléir. Go suntasach, léirigh Francis Footwork le CoisCéim Dance Theatre, *Birdboy* le United Fall agus *Princesses Can Be Pirates* le Mónica Muñoz Marín an méid a chabhraíonn an earnáil le lucht féachana óg a chothú.

In 2019, tháinig méadú ar an aitheantas, ar dheiseanna agus ar an éileamh idirnáisiúnta ar shaothar damhsa na hÉireann, ó Colin Dunne, Alexandre Iseli agus Jazmín Chiodi, Aoife McAtamney, Mary Nunan, agus Liv O'Donoghue, i measc daoine eile. Le moltaí sa phreas idirnáisiúnta do *Swan Lake / Loch na hEala* le Michael Keegan-Dolan agus *A Belfast Prayer* le Oona Doherty, daingníodh clú na hÉireann mar náisiún cruthaitheach sainiúil ar féidir lenár ndamhsa nasc a dhéanamh le lucht féachana domhanda.



↑  
Liz Roche Company, *I/Thou*. Photography by Clare Keogh.  
Liz Roche Company, *I/Thou*. Grianghrafadóireacht le Clare Keogh.

Dublin Dance Festival again delighted audiences with its remarkable programming and international perspective. Now in its 15th edition, the festival showcased exceptional national and international dance pieces, including Anne Teresa De Keersmaeker's *Rosas danst Rosas*, Colin Dunne and Sidi Larbi Cherkaoui's *Session*, and Virgilio Sieni's *La Natura Delle Cose*. Daring works by Irish choreographers Liz Roche and John Scott also contributed significantly to the festival's critical success.

Arís, bhain lucht féachana an-taitneamh as Féile Dhamhsa Bhaile Átha Cliath lena clár iontach agus dearcadh idirnáisiúnta. Anois ina 15ú heagrán, thaispeáin an fhéile píosaí iontacha damhsa náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áiríodh *Rosas danst Rosas* le Anne Teresa De Keersmaeker, *Session* le Colin Dunne agus Sidi Larbi Cherkaoui, *La Natura Delle Cose* le Virgilio Sieni agus chuir saothar misniúil de chuid cóiréagrafaihte Éireannacha Liz Roche agus John Scott go mór freisin le rath criticiúil na féile.



## Film

In 2019, the Arts Council continued to support film artists to develop their practice and to make artistically authored and experimental work. The Council also supported the essential infrastructure to sustain and develop film culture in Ireland through funding of key organisations that provide platforms and creative development opportunities for artists working in film.

To support Reel Art, Authored Works and the Film Project award schemes, the Arts Council, in association with AEMI, held information clinics in Galway and Dublin in April.

## Scannán

Lean an Comhairle Ealaíon de thacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí scannáin le linn 2019 le go mbeidís in ann an cleachtas a fhorbairt agus obair údaraithe go healaíonta agus obair thurgnamhach a dhéanamh. Thugamar tacaíocht freisin don bhonneagar riachtanach a theastaíonn chun cultúr na scannán a choimeád agus a fhorbairt in Éirinn ach maoiniú a thabhairt do phríomheagraíochtaí a sholáthraíonn ardáin taispeántais agus deiseanna forbartha cruthaithí d'ealaíontóirí atá ag obair i saol na scannánaíochta.

Chun tacú le Reel Art, Authored Works agus an Dámhachtain do Thionscadal Scannáin, reáchtáil an Chomhairle Ealaíon, i gcomhar le AEMI, clinicí faisnéise i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin.



Seven artists received bursary awards to the value of €37,012 in total while five artists received project awards to the value of €298,098 in total. Reel Art documentaries *Floating Structures* (Fearghal Ward and Adrian Duncan) and Paul Duane's *What Time Is Death?* had their premiere screenings at the Dublin International Film Festival in February. Anna Rodgers and Two Pair Films received Reel Art awards.

Irish filmmaker Pat Collins premiered his new film, *Henry Glassie: Field Work* at the Toronto International Film Festival in September. A chronicle of celebrated American folklorist Henry Glassie, the film is produced by South Wind Blows with funding support from the Arts Council's Open Call funding scheme and Screen Ireland.

Launched in 2018, Authored Works is an initiative that provides film artists with the creative and editorial freedom to make a cultural work from a strongly artistic point of view. A total fund of €200,000 is available to the successful applicant, which comprises a production budget of €185,000 and further exhibition support of €15,000. Robert Manson was the successful applicant in 2019.

The Arts Council continued to support the UCC Film Artist in Residence award, which is jointly funded by UCC and the Council, and is offered in association with the Cork Film Festival. The residency is designed to provide a screenwriter of distinction with a unique opportunity to develop their practice in a university environment. It also offers students the opportunity to engage with a practising artist in a meaningful way during the course of their studies and their wider cultural involvement in campus life. In July, Alan Gilsenan was announced as the sixth Film Artist in Residence at UCC. He follows Pat Murphy, Mark O'Halloran, Hugh Travers, Gerry Stemberidge and Carmel Winters, all of whom have enjoyed successful residencies since 2014.

In 2019, fuair seachtar ealaíontóirí Dámhachtainí Sparánachta arbh fhiú €37,012 iad agus tugadh dámhachtainí tionscadail arbh fhiú €298,098 iad do chúigear ealaíontóirí. Taispeánadh cláir faisnéise Reel Art *Floating Structures* (Fearghal Ward agus Adrian Duncan) agus *What time is death?* (Paul Duane) den chéad uair ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra. Ba iad Anna Rodgers agus Two Pair Films a fuair dámhachtainí Reel Art in 2019.

Thaispeáin an déantóir Éireannach scannán, Pat Collins, a scannán nua, *Henry Glassie: Field Work* den chéad uair ag an Toronto International Film Festival i Meán Fómhair 2019. Scannán atá ann maidir leis an mbéaloideasóir cáiliúil as Meiriceá, Henry Glassie, a léirigh South Wind Blows le maoiniú ó scéim mhaoinithe Gairmeacha Oscailte na Comhairle Ealaíon agus Fís Éireann.

Tionscnamh nua is ea Authored Works a seoladh in 2018 a thugann saoirse chruthaitheach agus eagarthóireachta d'ealaíontóirí scannán chun saothar scannáin chultúrtha a dhéanamh ó dhearcadh láidir ealaíonta. Cuirtear ciste iomlán de €200,000 ar fáil don iarrthóir a n-éiríonn leis (lena n-áirítear buiséad léirithe de €185,000 agus tacaíocht bhreise taispeántais de €15,000). Ba é Robert Manson an t-iarrthóir rathúil in 2019.

Lean an Chomhairle Ealaíon ag tacú le dámhachtain Ealaíontóirí Cónaithe Scannáin UCC atá cómhaoinithe ag UCC agus ag an gComhairle Ealaíon agus a chuirtear ar fáil i gcomhar le Féile Scannán Chorcaí. Dearadh an chónaitheacht chun deis ar leith a thabhairt do scríbhneoir scáileáin a bhfuil gradam bainte amach aige / aici a c(h)leachtas a fhorbairt i dtimpeallacht ollscoile. Tugann sé deis do mhic léinn ag an am céanna oibriú ar bhealach bríoch le healaíontóir atá ag cleachtadh le linn dóibh a bheith i mbun staidéir agus ina rannpháirtíocht chultúrtha níos leithne i saol an champais. I mí Iúil, fógraíodh Alan Gilsenan mar an séú hEalaíontóir Cónaithe Scannáin in UCC agus leanann sé Pat Murphy, Mark O'Halloran, Hugh Travers, Gerry Stemberidge agus Carmel Winters, a bhí ina n-ealaíontóirí cónaithe scannáin ag UCC ó 2014, agus rath mór orthu go léir.



## Literature

Through Strategic Funding and Arts Grant Funding programmes, publishers, festivals and resource organisations continue to support the essential infrastructure required to sustain and develop a vibrant literature sector, while also providing opportunities for writers to create new work and for audiences to engage with high-quality writing. This is in addition to Literature Bursary Awards available to writers and illustrators at all stages of their careers, writing in English and Irish.

## Litríocht

Trí chláir Maoinithe Straitéisigh agus Maoinithe Deontais do na hEalaíona tacaíonn an Chomhairle Ealaíon le foilsitheoirí, feilte agus le heagraíochtaí acmhainne leis an mbonneagar riachtanach a theastaíonn chun earnáil litríochta beo a fhorbairt agus tugann sí deiseanna do scríbhneoirí saothair nua a chruthú a ligfidh don lucht féachana tabhairt faoi scríbhneoireacht ar ardchaighdeán. Tá an méid sin sa mhullach ar na Dámhachtainí Sparánachta Litríochta a bhronntar ar scríbhneoirí agus ar mhaisitheoirí ag gach céim dá ngairm bheatha, ag scríobh i mBéarla agus i nGaeilge.



↑  
Orlaith McBride, Sabina Higgins, President Michael D Higgins, Sebastian Barry, Alison Deegan Sheila Pratschke. Laureate Irish Fiction. Photography by Maxwells. Orlaith McBride, Sabina Higgins, an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn, Sebastian Barry, Alison Deegan, Sheila Pratschke. An Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach. Grianghrafadóireacht le Maxwells.

→  
President Michael D Higgins, Sebastian Barry. Laureate Irish Fiction. Photography by Maxwells. An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn, Sebastian Barry. An Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach. Grianghrafadóireacht le Maxwells.



The Arts Council continued to support university writer residencies, which enable a professional writer to concentrate on their practice, while allowing a community of students to engage with the writer. Mary O'Malley was appointed Writer-in-Residence at Trinity College Dublin; Sinéad Gleeson at University College Dublin; Danny Denton at University College Cork; and Réaltán Ní Leannáin was appointed Irish-language Writer-in-Residence at St Patrick's College, Drumcondra, Dublin.

The fifth Laureate na nÓg, Sarah Crossan, continued to lead the *We Are The Poets* programme, which aims to inspire young people to reclaim poetry, using their own voices and language to express themselves creatively through verse, written and spoken word, and performance. Events took place throughout the country, including Listowel, Galway, Kilkenny, Clondalkin in Dublin, and Castlebar. Sarah also participated in a number of high-profile events, including the International Laureates in Conversation at the Bologna Book Fair.

Ireland's second Laureate for Irish Fiction, Sebastian Barry, began his year in the role teaching a term in University College Dublin. He continued his Life Lines programme, which aims to engage readers across a variety of distinct and harder to reach settings. With a focus on audiences with experience of homelessness and Direct Provision, Barry continued his video series with writers including Roddy Doyle, Liz Nugent, Gavin Corbett, Louise O'Neill, Yan Ge and Colm Tóibín.

Poet Frank Ormsby was named the eighth Ireland Professor of Poetry by President Michael D. Higgins at a reception in Queen's University Belfast. He succeeds Eiléan Ní Chuilleanáin in the role. His year comprises residences for one academic term at Trinity College Dublin, University College Dublin and Queen's University Belfast. In addition, he will make three formal presentations and other informal workshops, lectures, and public readings.

The Arts Council and UCD Press launched Anne Enright's, *No Authority: Writings from the Laureate*. This is the first in a series of editions from the Laureateship, which will serve as a permanent record and legacy of each Laureate's term.

Lean an Chomhairle Ealaíon ag tacú le cónaitheachtaí scríbhneora in ollscoileanna lena dtugtar deis do scríbhneoir gairmiúil díriú ar a c(h)leachtas, agus ligeann siad do phobal mac léinn bheith ag plé leis an scríbhneoir. Ceapadh Mary O'Malley ina scríbhneoir cónaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Sinéad Gleeson i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Danny Denton i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ceapadh Réaltán Ní Leannáin ina cónaitheoir Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach.

Lean an cúigiú Laureate na nÓg Sarah Crossan ag treorú an chláir *We Are The Poets*, a bhfuil sé mar aidhm leis daoine óga a spreagadh chun filíocht a aisghabháil, agus a nguthanna agus a dteanga féin a úsáid chun iad féin a chur in iúl trí fhilíocht, tríd an bhfocal scríofa agus ó bhéal, agus taibhiú. Reáchtáladh imeachtaí ar fud na tíre, ó Lios Tuathail agus Gaillimh go Cill Chainnigh, Cluain Dolcáin agus Caisleán an Bharraigh. Ghlac Sarah páirt freisin i roinnt imeachtaí iomráiteacha, lena n-áirítear an International Laureates in Conversation ag Aonach Leabhar Bhologna.

Chuir an dara Laureate de chuid na hÉireann i gcomhair Ficsean Éireannach Sebastian Barry tús lena bhliain sa ról, ag teagasc ar feadh téarma i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Lean sé lena chláir Life Lines, a bhfuil sé mar aidhm aige dul i gcion ar léitheoirí i suíomhanna ar leith a bhfuil sé níos deacra teacht orthu, le ficsean Éireannach comhaimseartha. Le fócas orthu siúd a raibh taithí acu ar a bheith gan dídean agus le soláthar díreach, lean Barry lena shraith fiseán le scríbhneoirí, lena n-áirítear Roddy Doyle, Liz Nugent, Gavin Corbett, Louise O'Neill, Yan Ge agus Colm Tóibín.

D'ainmnigh an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn an file Frank Ormsby mar an ochtú hOllamh Filíochta na hÉireann ag fáiltiú in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Glacann sé leis an onóir tar éis Eiléan Ní Chuilleanáin. I rith a théarma, beidh sé ina chónaí ar feadh téarma acadúil amháin i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Ina theannta sin, déanfaidh sé trí chur i láthair fhoirmiúla agus reáchtálfaidh sé ceardlanna, léachtaí agus léamha neamhfhoirmiúla eile don phobal.

Sheol an Chomhairle Ealaíon agus UCD Press *No Authority: Writings from the Laureate* le Anne Enright. Is é seo an chéad tsraith eagrán ó phost an Laureate, a bheidh mar thaifead buan agus mar oidhreacht ar théarma gach Laureate.



## Music

It was a year of notable strength and development for four major performing groups funded by the Council: Irish Chamber Orchestra, Irish Baroque Orchestra, Chamber Choir Ireland and Crash Ensemble. The Council also supported the continued operation and development of core resource organisations: The Association of Irish Choirs, First Music Contact, Contemporary Music Centre, Music Network, and The Improvised Music Company. These provide a wide range of important supports and services to composers, performers, venues, promoters and directly to the public.

The Council also supported specialist music festivals, including the West Cork Chamber Music Festival, the Westport Chamber Music Festival, the Bray Jazz Festival, the Limerick Jazz Festival, the Sligo Jazz Project, the New Ross Piano Festival, and the Cork International Choral Festival, all of which provide quality, immersive musical experiences in festive settings. The Council also continued to support a wide range of excellent voluntary and professional promotion organisations and venues to present varied programmes of live concerts across the country.

Two key partnerships involved Music Generation, which helps children and young people access vocal and instrumental tuition locally, and RTÉ and the National Concert Hall in the production of the *New Music Dublin* (NMD) Festival.

The Council also commissioned composers directly through its Music Commissions Award (including NMD). It also continued to assist composers and performers through bursaries, Travel and Training Awards, and projects' awards. The music element of the Council's touring programme was another strand of investment in music, as were supports for music festivals and a range of supports of music, for and by children and young people, through Council supports for various Young People, Children and Education schemes.

## Ceol

Bliain shuntasach de láidreacht agus forbairt a bhí in 2019 ó cheithre ghrúpa taibhithe mórmhaoinithe: Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann, Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann, Cór Aireagail na hÉireann agus Crash Ensemble. Thacaigh an Chomhairle le feidhmiú agus le forbairt leanúnach príomheagraíochtaí acmhainne amhail: Cumann Náisiúnta na gCór; First Music Contact, an Contemporary Music Centre; Music Network; agus an Improvised Music Company. Sholáthair siad réimse leathan tacaíochtaí agus seirbhísí tábhachtacha do chumadóirí, léiritheoirí, ionaid tionóil agus tionscnóirí agus go díreach don phobal freisin.

Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin do shainfheilte ceoil, lena n-áirítear Féile Cheoil Aireagail Iarthar Chorcaí, Féile Cheoil Aireagail Chathair na Mart, na Féilte Snagcheoil i mBré agus i Luimneach, Tionscadal Snagcheoil Shligigh, Féile Phianó Ros Mhic Thriúin, agus Córfhéile Idirnáisiúnta Chorcaí, chun tumeispéiris ceoil ar ardchaighdeán a chur ar fáil i suíomhanna féilte go náisiúnta. Lean an Chomhairle freisin ag tacú le réimse leathan eagraíochtaí tionscanta deonacha agus profisiúnta den scoth ag cur clár ilghnéitheach de cheolchoirmeacha beo i láthair don phobal ar fud na tíre.

Dhá chomhpháirtíocht thábhachtacha ba ea an chomhpháirtíocht le Music Generation an chomhpháirtíocht le RTÉ agus an Ceoláras Náisiúnta i ndáil le *Féile Nuacheoil Bhaile Átha Cliath*, ar comh-infheistíochtaí móra iad sa cheol nua.

Áirítear leis na tacaíochtaí eile cumadóirí a choimisiúnú go díreach trína clár coimisiún, (NMD san áireamh), a chuidigh le cumadóirí agus seinnteoirí trí Sparánachtaí Ceoil, dámhachtainí Taistil agus Oiliúna agus an tsnáithe Dámhachtainí Tionscadail. Ba shnáithe eile d'infheistíocht na Comhairle sa cheol an ghné cheoil de chlár camchuirte na Comhairle, mar aon le snáitheanna eile infheistíochta amhail tacaíocht d'fhéilte ceoil agus do réimse leathan tacaíochtaí ceoil do leanaí agus do dhaoine óga agus le leanaí agus le daoine óga trí thacaíochtaí ón gComhairle a fuarthas trí scéimeanna do Dhaoine Óga agus do Leanáí agus Oideachais.

## Opera

The Arts Council continued to support professional opera production, including Irish National Opera, Wexford Festival Opera, Blackwater Valley Opera Festival, and a range of independently produced opera development projects and productions. The number of highly successful presentations of new Irish Opera was a particularly positive feature of a strong operatic year.

In its second full year of production, Irish National Opera continued to set high artistic standards. Touring productions included Gluck's *Orfeo ed Eurydice*, Vivaldi's *Griselda*, and the premiere of Brian Irvine's *Least Like the Other*, at Galway Arts Festival. Large-scale productions included Puccini's *Madama Butterfly*, Mozart's *Die Zauberflöte*, and a particularly memorable Orpha Phelan production of Rossini's *La Cenerentola*, starring Tara Erraught. Productions of Evangelia Rigaki's *This Hostel Life* in the crypt of Christ Church Cathedral and the presentation of Donnacha Dennehy's *The Second Violinist* in Amsterdam rounded out a highly productive year, with a very strong focus on Irish operatic creative and performing talent.

Wexford Festival Opera produced another major international festival programme, built around performances of main-scale productions of rarely performed opera repertoire by Massenet, Vivaldi's *Dorilla in Tempe*, and a highly successful double-bill of *Adina* by Rossini, as well as a new work by Irish composer Andrew Sinnott, *La Cucina*.

Blackwater Valley Opera Festival presented a successful chamber version of Donizetti's *Don Pasquale* in Lismore Castle as its centrepiece.

The Council also supported an important strand of opera production by a range of independent producers, featuring both contemporary and 'newly restored' historic Irish opera. Opera Collective Ireland produced and toured a new opera, *Vagabones* by Raymond Deane. Tom Creed and The Abbey Theatre produced Donnacha Dennehy's *The Great Hunger*. An important concert performance of C.V. Stanford's *The Veiled Prophet* was produced by Heritage Music Productions at the Wexford Opera Festival in October.

Several developmental new opera projects of significant potential were also supported, including major new work by Michael Gallen, presented in Castleblaney, Co Monaghan. As well as support for opera producers, a range of individual opera artists also availed of individual supports through bursaries, commissions, and Travel and Training Awards.

## Ceoldrámaíocht

Lean an Chomhairle Ealaíon ag tacú le léiriú gairmiúil ceoldrámaíochta trí thacú le Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann, Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman, Féile Ceoldrámaíochta na Dubhabhann (Blackwater Valley Opera Festival), agus réimse tionscadal agus léirithe ceoldrámaíochta de chuid léiritheoirí neamhspleácha. Ba ghné dhearfach de bhliain láidir don cheoldrámaíocht an líon léirithe de Cheoldrámaíocht nua Éireannach ar éirigh go maith leo.

Sa dara bliain iomlán de léiriú, lean Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann ag leagan síos ardchaighdeán ealaíonta ina chuid oibre ar fad. Áirítear le léirithe camchuirte *Orfeo ed Eurydice* le Gluck, *Griselda* le Vivaldi, agus an chéad léiriú de *Least Like the Other* le Brian Irvine ag Féile Ealaíon na Gaillimhe. Léirithe ar scála mór ba ea *Madama Butterfly* le Puccini, *Die Zauberflöte* le Mozart, agus léiriú Orpha Phelan de *La Cenerentola* le Rossini ina raibh Tara Erraught a bhí thar cionn. Chuir léirithe de *This Hostel Life* le Evangelia Rigaki i líméar Ardeaglais Chríost agus léiriú *The Second Violinist* le Donnacha Dennehy in Amstardam deireadh le bliain an-táirgiúil ina raibh fócas an-láidir ar thallann chruthaitheach agus thaibhithe ceoldrámaíochta na hÉireann.

Léirigh Féile Cheoldrámaíochta Loch Garman mórchlár féile idirnáisiúnta eile, a 69ú ceann, a tógadh timpeall ar léirithe príomhscála den stór ceoldrámaí nach dtaibhrítear go minic, le Massenet, *Dorilla in Tempe* le Vivaldi, agus eagrán dúbailte an-rathúil de *Adina* le Rossini agus saothar nua ón gcumadóir Éireannach Andrew Sinnott, *La Cucina*.

Cuireadh leagan aireagail de *Don Pasquale* le Donizetti i láthair ag Féile Ceoldrámaíochta na Dubhabhann (Blackwater Valley Opera Festival) mar chuid shuntasach dá féile.

Tacaíodh freisin le snáithe tábhachtach den léiriú ceoldrámaíochta ó réimse léirithe neamhspleácha ina raibh ceoldrámaíocht Éireannach chomhaimseartha agus stairiúil a 'athchóiríodh' go nua. Léirigh Opera Collective Ireland ceoldráma nua *Vagabones* le Raymond Deane agus thug siad ar camchuir é. Léirigh Heritage Music Productions agus Amharclann na Mainistreach *The Great Hunger* le Donnacha Dennehy agus taibhiú tábhachtach ceolchoirme de *The Veiled Prophet* le C.V. Stanford ag Féile Loch Garman i nDeireadh Fómhair.

Tacaíodh freisin le roinnt tionscadal nua forbartha ceoldrámaíochta a raibh an-chumas iontu, lena n-áirítear mórshaothar nua le Michael Gallen a léiríodh i mBaile na Lorgan. Mar aon le tacú le léirithe ceoldrámaíochta, bhain réimse ealaíontóirí ceoldrámaíochta aonair leas as tacaíochtaí aonair trí Sparánachtaí Ceoldrámaíochta, coimisiúin ceoldrámaíochta agus dámhachtainí Taistil agus Oiliúna.



## Theatre

Theatre continued to be the most popular artform in terms of attendances. The Council continued to support a wide range of established theatre companies and independent theatre artists, all of which continued to create works of excellence, pushing the boundaries of artistic practice to engage, to challenge, and to delight audiences in Ireland and beyond.

2019 saw the first work of many theatre artists funded through Arts Grant Funding reach fruition. Aimed at strengthening the independent sector with longer lead-in times and an onus on resource-sharing, this award offers independent theatre companies flexible funding for several projects over a period of time.

ANU's *Faultline*, produced as part of the company's residency at the Gate Theatre, drew audiences into an intimate and galling confrontation with our state's history. ANU will also join forces with Landmark Productions to produce *The Book of Names* at Dublin Port. Theatre and events production company, Thisispopbaby, presented Claire Dunne's *Sure Look It, F\*ck It*, a monologue poem born out of the Where We Live festival. TheatreClub took over the main stage at The Abbey Theatre, while Gare St. Lazare Ireland culminated their residency in *The Everyman* with the second part of their adaptation of Beckett's tripartite novel *How It Is*. Many more companies also created and presented work across the country and beyond.

Playwrights enjoyed an excellent 2019. Druid committed its entire programme to new writing, premiering and touring work by Sonya Kelly, Nancy Harris, and Brian Watkins. The Abbey Theatre commissioned and co-produced Dylan Coburn Gray's *Citysong*. Rough Magic produced the Irish premiere of Marina Carr's, *Hecuba*. Cork Arts Theatre presented Brendan Griffin's *A Thousand Moments of Extraordinary Pleasure*. Sugar Coat Theatre's *So Where Do We Begin*, by Seanan McDonnell, and Raymond Scannell's *Bluffers Guide to Suburbia* hit a wry note at both the Cork Midsummer and Dublin Fringe festivals.

The late Karl Shiels' company, Theatre Upstairs, co-produced the Irish premiere of two Philip Ridley plays, *Tonight With Donny Stixx* and *Dark Vanilla Jungle* at the Peacock. Audiences appreciated excellent performances at the Gate's double bill of new British work, *The Children*, by Lucy Kirkwood and *Beginning*, by David Eldridge. The Abbey also presented a new stage adaptation of Edna O'Brien's *The Country Girls*, and a jaunty production of *Drama at Inish*. Irish theatre as a collective artform is changing. The

## Amharclannaíocht

Leanadh le tacaíocht a thabhairt don fhoirm ealaíne is mó freastail, agus an Chomhairle Ealaíon ag tacú le raon leathan compántas amharclannaíochta bunaithe agus ealaíontóirí neamhspleácha amharclannaíochta. Chruthaigh siad saothar den scoth agus chuaigh siad thar teorainneacha chleachtas na n-ealaíontóirí féin chun lucht féachana in Éirinn agus níos faide i gcéin a mhealladh, dúshlán a thabhairt dóibh agus iad a shásamh.

In 2019, chonacthas toradh na hoibre ó go leor ealaíontóirí amharclannaíochta a fhaigheann Maoiniú Deontais do na hEalaíona. Dírithe ar an earnáil neamhspleách a láidriú le ham tosaigh níos faide agus béim ar acmhainní a roinnt, cuirtear maoiniú solúbtha ar fáil do chompántais neamhspleácha amharclannaíochta sa dámhachtain mhaoinithe sin i gcomhair roinnt tionscadal thar thréimhse ama. Léiríodh *Faultline* le Anu mar chuid de chónaitheacht an chompántais ag Amharclann an Gheata, agus tharraing sé lucht féachana chun aghaidh a thabhairt ar stair an stáit, agus rachaidh an compántas i gcomhar le Landmark Productions chun *The Book of Names* a léiriú ag Calafort Bhaile Átha Cliath. Chuir Thisispopbaby *Sure Look It, F\*ck It* le Claire Dunne i láthair, dán monalóige a tháinig as an bhféile dheiridh Where We Live, atá chun greim a ghlacadh ar chathair Bhaile Átha Cliath ar feadh 10 lá arís an Márta seo. Ghlac TheatreClub seilbh ar an bpríomhstáitse ag Amharclann na Mainistreach, bhí buaicphointe ag cónaitheacht Gare St. Lazare Éire san *Everyman* leis an dara píos dá n-oiriúnú ar úrscéal trípháirteach Beckett *How It Is* agus chruthaigh agus léirigh go leor compántas eile saothar ar fud na tíre agus thar lear.

Ba bhliain iontach a bhí in 2019 do dhrámadóirí, agus thiomnaigh Druid a chlár iomlán don scríbhneoireacht nua, ag taispeáint don chéad uair agus ag dul ar camchuart le saothar le Sonya Kelly, Nancy Harris, agus Brian Watkins; choimisiúnaigh agus chomhléirigh Amharclann na Mainistreach *Citysong* le Dylan Coburn Gray; léirigh Rough Magic an chéad léiriú Éireannach de *Hecuba*; le Marina Carr; léirigh Cork Arts Theatre *A Thousand Moments of Extraordinary Pleasure* le Brendan Griffin; léirigh Sugarcoat Theatre *So Where Do We Begin* le Seanan McDonnell; agus baineadh an-taitneamh as amharclannaíocht seó Raymond Scannell *Bluffers Guide to Suburbia* ag Féile Lárshamhraidh Chorcaí agus Féile Imeachach Bhaile Átha Cliath.

Chomhléirigh compántas Karl Shiels, nach maireann, Theatre Upstairs, an chéad taispeántas Éireannach de dhá dhráma Philip Ridley, *Tonight With Donny Stixx* agus *Dark Vanilla Jungle* ag an bPéacóg; taibhithe iontacha ag eagrán dubailte an Gheata de shaothar Briotanach nua *The Children* le Lucy

capacity to produce and tour work, to share resources with other organisations, and to develop new work for diverse audiences is essential to the growth of the artform. Taking risks to make vital work that aims to inspire, challenge and transform, remains central to the artistic impulse. Supporting that impulse and embracing that challenge is the essence of *Making Great Art Work*.

Kirkwood agus *Beginning* le David Eldridge; agus chuir Amharclann na Mainistreach léiriú nua stáitse i láthair de the *County Girls* le Edna O'Brien, agus léiriú meidhreach de *Drama at Inish*.

Tá amharclannaíocht na hÉireann mar fhoirm ealaíne cnuasaitheach ag athrú. Tá an cumas chun saothar a léiriú agus a thabhairt ar camchuart, chun acmhainní a roinnt le heagraíochtaí eile agus chun saothar nua a fhorbairt do lucht féachana éagsúil rithábachtach d'fhás na foirme ealaíne. Tá glacadh rioscaí chun saothar rithábachtach a chruthú a bhfuil sé mar aidhm leis inspioráid agus dúshlán a thabhairt agus athrú ó bhonn a dhéanamh fós lárnach don spreagadh ealaíne. Tá tacaíocht don spreagadh sin agus an dúshlán sin a ghlacadh lárnach i straitéis na Comhairle Ealaíon, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh.

↓

Fidget Feet, *Bingo Wings*. Performed by Aisling Ní Cheallaigh, Karl Quinn, Ronan Brady, Kathryn Cooley, Maire Dee, Christina Zauner, Sianna Bruce, Matthew Horton. Photography by Jym Daly. Fidget Feet, *Bingo Wings*. Arna thaibhiú ag Aisling Ní Cheallaigh, Karl Quinn, Ronan Brady, Kathryn Cooley, Máire Dee, Christina Zauner, Sianna Bruce, Matthew Horton. Grianghrafadóireacht le Jym Daly.





### Traditional Arts

TG4 rang in the New Year with *Fáilte 2019*, a live television broadcast from Scoil Gheimhridh Ghaoth Dobhair, a major seasonal school supported by the Council's Arts Grant Funding programme.

In February, Úna Monaghan was awarded the inaugural Liam O'Flynn Award established by the Arts Council in partnership with the National Concert Hall. Úna opened our partnership festival event *Tradition Now 2019* in October with a concert featuring her composition for harp and electronics. *Tradition Now 2019* also included a special collaboration between Catherine Ennis, Paddy Glackin and Neil Martin, and a night curated by Geoff Travis of Rough Trade and River Lea Records.

### Na hEalaíona Traidisiúnta

Cheiliúir TG4 an Athbhliain le *Fáilte 2019*, craoladh teilifíse beo ó Scoil Gheimhridh Ghaoth Dobhair, mórscoil shéasúrach a dtacaíonn clár Maoinithe Deontais do na hEalaíona de chuid na Comhairle Ealaíon léi.

I mí Feabhra, bronnadh an chéad Dámhachtain Liam O'Flynn ar Úna Monaghan, gradam a bhunaigh an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirt leis an gCeoláras Náisiúnta. I mí Dheireadh Fómhair, d'oscail ár n-imeacht féile comhpháirtíochta *Tradition Now 2019* le ceolchoirm de chuid Monaghan den phiosa a chum sí don chlárseach agus uirlisí leictreonacha. Bhí comhoibriú speisialta idir Catherine Ennis, Paddy Glackin agus Neil Martin agus oíche a choimeád Geoff Travis as Rough Trade agus River Lea Records ag *Tradition Now 2019* freisin.



Following a successful submission to the UNESCO Convention for the Safeguarding of the Intangible Cultural Heritage, Irish Harping followed the previous success of Uilleann Piping, with its accession to the Representative List of the Intangible Cultural Heritage of Humanity 2019. Arts Council-funded organisations Cruit Éireann, Cairde na Cruite, the Historical Harp Society of Ireland, and Na Píobairí Uilleann, were all instrumental in making this possible.

Traditional artists have been achieving in the new cross-disciplinary awards. In 2019 sean-nós dancer Sibéal Davitt was awarded the Markievicz Award and musician and composer Neil Ó Lochlainn was awarded the Next Generation Award to focus on artistic engagement with sean-nós singing.

The recipients of the Traditional Arts Bursary Award 2019 demonstrated the breadth of genres and the sophistication of individual practice across the Traditional Arts. The Traditional Arts Commissions Award allows established artists to engage in collaborative creative processes.

A range of very high-quality artistic recordings were produced and presented in 2019, supported by the Arts Council's Deis Recording and Publications Award.

Tristan Rosenstock and Oisín MacDiarmada founded a new entity called Trad Ireland / Traid Éireann. They were supported by the Project Award to help enhance career development and opportunity for traditional artists.

The Irish Traditional Music Archive appointed a new director in 2019 and continued to increase its engagement with communities across the country through its extensive recording activities and archiving of events. Partnerships with third-level colleges were reaffirmed, with accordionist Danny O'Mahony appointed Traditional Artist-in-Residence at University College Cork for 2019 / 2020.

Tar éis aighneacht rathúil a chur chuig Coinbhinsiún UNESCO maidir le Caomhnú na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe, inscríobhfar Cruitireacht Ghaelach ar an Liosta Ionadaíoch d'Oidhreachta Chultúrtha Dholáimhsithe an Chine Dhaonna 2019 mar a rinneadh leis an bPíobaireacht Uilleann atá ar an liosta cheana. Bhí na heagraíochtaí Cruit Éireann, Cairde na Cruite, Cumann Cláirsí na hÉireann agus Na Píobairí Uilleann atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon lárnach chun sin a bhaint amach.

Tá ag éirí go maith le healaíontóirí traidisiúnta sna dámhachtainí nua trasdisciplíneacha. In 2019, bronnadh Dámhachtain Markievicz ar an damhsóir ar an sean-nós Sibéal Davitt agus bronnadh Dámhachtain na Chéad Ghlúine Eile ar Neil Ó Lochlainn le díriú ar rannpháirtíocht ealaíonta le hamhránaíocht ar an sean-nós.

Léiríonn faighteoirí Dámhachtain Sparánachta na nEalaíon Traidisiúnta 2019 an leithead seánraí agus sofaisticiúlacht an chleachtais aonair sna hEalaíona Traidisiúnta. Ceadaíonn Dámhachtain na gCoimisiún sna hEalaíona Traidisiúnta d'ealaíontóirí bunaithe dul i mbun próisis chruthaitheacha chomhoibritheacha.

Léiríodh agus cuireadh i láthair réimse taifeadtaí ealaíonta d'ardchaighdeán in 2019, a fuair tacaíocht ó Dhámhachtain Taifeadta agus Foilsithe Deis de chuid na Comhairle Ealaíon.

Bhunaigh Tristan Rosenstock agus Oisín MacDiarmada aonán nua Traid Éireann. Tacaíodh leo trí Dhámhachtain Tionscadail chun roinnt gníomhartha a dhéanamh le dul i ngleic le forbairt ghairme agus deise d'ealaíontóirí traidisiúnta.

Cheap Taisce Cheol Dúchais Éireann Stiúrthóir nua in 2019 agus lean siad ag fás a rannpháirtíocht le pobail ar fud na tíre trína ghníomhaíochtaí fairsinge taifeadta agus imeachtaí cartlannaithe.

Athdhearbháíodh comhpháirtíochtaí le coláistí tríú leibhéal agus an boscadóir Danny O'Mahony ceaptha mar Ealaíontóir Traidisiúnta Cónaithe i gColáiste na hOllscoile Corcaigh 2019 / 2020.





## Visual Arts

The Arts Council provided funding to a cross-section of visual arts organisations and individual practitioners to support a vital infrastructure of public galleries and resource organisations, which offer developmental supports, facilities and opportunities to artists and audiences.

In line with the Visual Arts policy, 18 organisations were funded under the Strategic Funding programme. All of these make a visible and unique contribution to visual arts development; investing in, and supporting, the essential infrastructure required to sustain and develop the arts.

Increased investment has been provided to the Visual Artists Workspace Scheme, supporting studios and workspaces to maintain vital artist facilities and provisions for artists working nationwide. The scheme is in line with the *Making Great Art Work* framework, which commits to ensuring 'a supportive working environment that addresses key points in the creative cycle by which art is made'.

Individual artists were supported through Visual Arts bursaries, The Next Generation Award, Open Call, The Touring and Dissemination of Work Scheme, and the Travel and Training Awards.

The Arts Council Collection has continued to grow and further expand its programme of exhibitions, loans and partnerships, facilitating public experience and engagement with the works first-hand, including exhibitions in Dublin, Donegal, Kerry and Waterford.

*The Shrinking Universe* by sculptor Eva Rothschild and curated by Mary Cremin, represented Ireland at the Venice Biennale International Arts Festival. Rothschild created an immersive exhibition that enabled the public to be both viewer and participant at the Irish Pavilion, located in the Arsenale. Through her diverse use of materials, sculptural formats and its direct material presence, the work engages with political and environmental concerns arising from ongoing global uncertainty. The Arts Council intended to support a national tour of *The Shrinking Universe* in 2020.

*FREE THOUGHT FM* by artist Garrett Phelan endeavoured to interrogate the notion of 'free thought' in one of Ireland's major cultural and educational settings, The Douglas Hyde Gallery, at Trinity College Dublin. Thirty days of live broadcast of conversations took place in the gallery between Phelan, invited FREE THINKERS and members of the public. This re-imagined the gallery setting as a public space for free thought, inviting debate, conversation, thought and communication. These conversations opened access beyond

## Na hAmharc-ealaíona

Chuir an Chomhairle Ealaíon maoiniú ar fáil do roinnt eagraíochtaí amharc-ealaíon agus do chleachtóirí aonair chun tacú leis an mbonneagar atá ríthábhachtach do dhánlanna poiblí agus eagraíochtaí acmhainne a chuireann tacaíochtaí forbartha, áiseanna agus deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí agus don lucht féachana.

De réir an bheartais Amharc-ealaíon, maoiníodh 18 n-eagraíocht faoin gclár Maoinithe Straitéisigh, gach ceann ag cur go sofheicthe agus ar bhealach uathúil le forbairt amharc-ealaíon, ag infheistiú agus ag tacú leis an mbonneagar atá riachtanach chun na healaíona a chothabháil agus a fhorbairt.

Cuireadh maoiniú méadaithe ar fáil do Scéim Spás Oibre na nAmharc-ealaíontóirí, tacaítear le stiúideonna agus spásanna oibre a chothaíonn áiseanna ríthábhachtacha ealaíontóra agus socruithe d'ealaíontóirí atá ag obair ar fud na tíre. Tá an scéim ag teacht leis an straitéis *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, straitéis atá tiomanta dó 'go gcuirtear timpeallacht thacúil oibre ar fáil a théann i ngleic le príomhphointí sa timthriall chruthaitheach trína ndéantar ealaín'.

Tacaíodh le healaíontóirí aonair trí Sparánachtaí sna Físealaíona, Dámhachtain na Chead Ghlúine eile, Gairmeacha Oscailte, Scéim Camchuartha agus Scaipthe Saothair agus an Dámhachtain Taistil agus Oiliúna.

Lean an Chomhairle Ealaíon ag cur leis an mBailiúchán agus ag leathnú a clár taispeántas, iasachtaí agus comhpháirtíochta a thugann deis don lucht féachana sult a bhaint as na saothair iad féin, agus a bheith ag gabháil dóibh, lena n-áirítear taispeántais i mBaile Átha Cliath, Dún na nGall, Ciarraí agus Port Láirge.

Rinne Eva Rothschild ionadaíocht náisiúnta ar Éirinn ag an 58ú Taispeántas Ealaíne Idirnáisiúnta de chuid La Biennale di Venezia, le *The Shrinking Universe* arna choimeád ag Mary Cremin. Chruthaigh Rothschild tumthaispeántas a cheadaigh don phobal bheith ina mbreathnóirí agus ina rannpháirtithe ar aon ag Paillíun na hÉireann, atá suite in Arsenale. Tríd an úsáid éagsúil a bhaineann sí as ábhair, formáidí dealbhóireachta agus láithreach an ábhair dhíreach, téann an saothar seo i ngleic le himní polaitiúil agus comhshaoil ag eascairt as an neamhchinnteacht dhomhanda leanúnach. Tacóidh an Chomhairle Ealaíon le camchuartha náisiúnta de *The Shrinking Universe* in 2020.

Rinneadh iarracht in *FREE THOUGHT FM* leis an ealaíontóir Garrett Phelan fiosrú a dhéanamh ar an nóisean den 'saorsmaoineamh' i gceann de shuíomhanna móra cultúrtha agus oideachais in Éirinn, Douglas Hyde Gallery (Dánlann

the formal gallery space, engaging a wide audience while revisiting the societal potential of the cultural institution.

*Silicon Synapse*, an immersive Virtual Reality (VR) and psycho-acoustic experience, took viewers on a simulated journey into the personified mind of 'Technology'. The artwork, created by Alan James Burns, investigates evolution, genetic engineering, and transhumanism. Each viewer is engulfed by a conscious dream-like realm through a wholly immersive VR and psycho-acoustic spatial audio installation in the unique setting of Carnegie Library, Swords, Co Dublin. The immersive installation explored technological growth in the age of artificial intelligence and its implications for human relationships through a sensual and kinaesthetic journey inside an artificial human consciousness.

Dhubhghlais de hÍde), TCD. Reáchtáladh craoladh beo 30 lá de chomhráit sa dánlann idir Phelan, SAORSMAOINTEOIRÍ ar tugadh cuireadh dóibh agus baill den phobal, le dul i ngleic arís leis an tuiscint gur spás poiblí don saorsmaoineamh, díospóireacht, comhrá, smaoinemh agus cumarsáid é an dánlann. Leis sna comhráit seo, tugadh rochtain ar spás foirmiúil na Dánlainne ón taobh amuigh, ag dul i ngleic le lucht féachana leathan agus ag tabhairt cuairt ar chumas sochaíoch na hinstiúide cultúrtha.

Thug *Silicon Synapse* eispéireas tumthach Réaltachta Fíorúla agus síocacústaice breathnóirí ar thuras ionsamhlaithe chuig intinn daonna na 'Teicneolaíochta'. Fiosraítear sa saothar ealaíne, a chruthaigh Alan James Burns, éabhlóid, innealtóireacht ghéiniteach agus trasdaonnachas. Bhí gach breathnóir plúchta ag ríocht cosúil le brionglóid choinsiasach trí shuiteáil shíocacústaice spásúil fuaimne VR atá iomlán tumthach agus i suíomh uathúil Leabharlann Carnegie, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath. Fiosraíodh fás na teicneolaíochta sa suiteáil thumthach in aois na hintleacht saorga agus na tionchair a bhíonn aige sin ar an gcaidreamh daonna seo trí thuras céadfach agus cinéistíseach taobh istigh de chomhfhiosacht dhaonna shaorga.



↑  
THISISPOPBABY, RIOT. Photography by Conor Horgan.  
THISISPOPBABY, RIOT. Grianghrafadóireacht le Conor Horgan.

←  
Spraoi Festival. Performed by Jos van Wees & Merel Kemp.  
Féile Spraoi. Arna thaibhiú ag Jos van Wees & Merel Kemp.



## Young People, Children and Education (YPCE)

*Still Loading...* was the name given to a showcase of works-in-progress hosted by The Ark's Children's Council as part of the Right Here Right Now! festival. Curated by children, it featured a range of excerpts of shows that were in the process of being made. In a scene from *The Leap* by Gavin Kostick, performer Danielle Galligan held an audience of children spellbound as she described a single moment in time when everything is about to change. The scene takes place mid-air as a young girl makes a wild and emotional leap onto a glass coffee table covered in *My Little Ponies*. With each line, the complexity and intensity increase as the performer flings page after page of the fledgling script to the floor. Mid-year, mid-air, this young audience was fully at the centre of the unpredictable and electric process of the making of art.

## Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO)

Tugadh *Still Loading...* ar an taispeántas de shaothar a bhfuiltear fós i mbun oibre air arna óstáil ag Comhairle Leanaí The Ark mar chuid den Fhéile Right Here Right Now. Choimeád leanaí an fhéile, agus áirítear ann réimse sleachta as seónna a bhí i mbun déanamh. I radharc ó *The Leap* le Gavin Kostick, choinnigh an taibheoir Danielle Galligan lucht féachana de leanaí ar tinneall agus cur síos á dhéanamh aici ar mhóimint amháin ama ina raibh gach rud ar tí athrú. (Tarlaíonn an radharc san aer agus cailín óg ag déanamh léim fhiáin agus mhothúchánach ar thábla caife gloine ar a bhfuil *My Little Ponies*.) Le gach líne, agus an scéal ag éirí níos mó agus níos casta agus níos spéisiúla, chaith an taibheoir leathanach eile den script nuascríofa ar an urlár. Lár na bliana, i lár an aeir, bhí an lucht féachana óg sin i gcoilár an phróisis dothuartha leictreach sin den ealaín a chruthú.



Many of the highlights of 2019 were like this – moments on a journey that were exciting in themselves and created anticipation of what is to come. Work for young audiences was being made by some of Ireland's most exciting artists. One such example was *Birdboy*, by United Fall, choreographed by Emma Martin, and performed by Kevin Coquelard. Audiences at Visual Carlow experienced this dance performance, where the company members were artists-in-residence. The production will tour in 2020 – enabling more audiences from eight years of age upwards to experience the energy and art of contemporary dance at its best.

During 2019, twice as many schools participated in the Scoileanna Ildánacha / Creative Schools project, a national celebration of the arts in schools. The celebration highlighted the journey of schools that embrace the arts in a way that is dynamic, youth-led and impactful on the entire school. A growing team of artists and creative practitioners continue to support this development and expansion.

The Arts Council works in partnership with other policy-makers to build a central place for the arts in Irish life. Early years' initiatives led by the Department of Children and Youth Affairs have drawn on the advice of the Arts Council to explore best practice for facilitating the arts in early learning and care settings. This has included the initiation of pilot arts bursaries in early years and school-age care through the Creative Ireland Programme.

The Young Ensembles Scheme, which supports young people aged 10–24 to collaborate in making art in every form, incorporated a second strand, enabling established groups to apply for higher levels of support. The scheme also continued to support a range of ensembles to develop their practice. Laois Youth Dance Ensemble hosted a networking day for young ensembles at Dunamase Arts Centre, Portlaoise, to highlight the scheme. A panel comprising young people and professional practitioners selected 14 new proposals for development in 2019, for showcasing in 2020.

Bhí go leor de bhuaicphointí 2019 mar seo – móimintí ar turas, a bhí spleodrach astu féin, agus a chruthaigh dúil don méid a bhí le teacht. Bhí saothar do dhaoine óga á chruthú ag roinnt de na healaíontóirí is iontaí in Éirinn. Sampla de sin is ea *Birdboy*, le United Fall, a ndearna Emma Martin cóiragrafaíocht air, agus arna thaibhiú ag Kevin Coquelard. Chonaic lucht féachana ag Ionad Visual, Ceatharlach an taibhiú rince sin, ina raibh bail an chompántais ina n-ealaíontóirí cónaithe. Rachaidh an léiriú ar camchuart in 2020 – ionas go mbeidh deis ag leanaí atá os cionn ocht mbliana d'aois taithe a fháil ar fhuinneamh agus ealaín an damhsa chomhaimseartha.

In 2019, méadaíodh Scoileanna Ildánacha a thuilleadh, nuair a dúblaíodh an líon scoileanna a bhí rannpháirteach sa chlár, agus nuair a rinneadh ceiliúradh náisiúnta ar na healaíona sna scoileanna. Léirigh an ceiliúradh turas scoileanna atá ag glacadh leis na healaíona ar bhealach atá dinimiciúil, faoi threoir na hóige agus a bhfuil tionchar á imirt acu ar an scoil iomlán. Tá foireann níos mó ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha ag tacú leis ar a dturas.

Oibríonn an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirt le lucht déanta beartas poiblí chun áit lánach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann. Tharraing tionscnaimh luathbhlianta, arna dtreorú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar chomhairle ón gComhairle Ealaíon agus iad ag fiosrú prionsabail an dea-chleachtas chun na healaíona a éascú i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, agus tús á chur acu le sparánachtaí piolótacha i gcúram luathbhlianta agus aoise scoile, mar ghníomh de chuid Éire Ildánach.

Chuimsigh Scéim Ensembles na nÓg, a thacaíonn le daoine óga idir 10–24 bliain d'aois comhoibriú chun ealaín de chineál ar bith a dhéanamh le chéile, an dara snáithe, a cheadaigh do ghrúpaí bunaithe iarratas a dhéanamh ar leibhéal níos airde tacaíochta, fad is a leantar ar aghaidh ag tacú le réimse ensembles chun a gcleachtas a fhorbairt. D'óstáil Laois Youth Dance Ensemble (Ensemble Damhsa Óige Laoise) lá líonraithe d'ensembles óga ag Ionad Ealaíon Dhún Másc, Port Laoise chun aird a tharraingt ar an scéim. Roghnaigh painéal ar a raibh daoine óga agus cleachtóirí gairmiúla ceithre thogra déaga nua le forbairt in 2019 agus le taispeáint in 2020.





## Aosdána

Aosdána, the affiliation, that honours creative artists whose work has made an outstanding contribution to the arts in Ireland is administered by the Arts Council.

The 2019 General Assembly was held in University College Cork. An opening reception took place featuring readings from Aosdána members Éilís Ní Dhuibhne, Gerry Murphy, and Eiléan Ní Chuilleanáin. There were also presentations on the Great Book of Ireland by John Fitzgerald, University Librarian, and Crónán Ó Doibhlín, UCC Head of Research Collections & Communications. The public session of the assembly featured work by UCC students in the disciplines of film, music, theatre and creative writing.

Six new members were elected: Aideen Barry, Clare Langan, Margaret Irwin West (Visual Art), Anna Burns, Doireann Ní Ghríofa (Literature), and Niall McLaughlin (Architecture). This brought the membership back to its maximum of 250.

The President of Ireland Michael D. Higgins officiated at a ceremony to mark the election of composer Roger Doyle as Saoi of Aosdána. The honour of Saoi is bestowed on a member of Aosdána for singular and sustained distinction in the arts.

151 members received the Cnuas. The Cnuas is awarded to assist members to focus full-time on their artistic practice. The value of the Cnuas was €17,180.

The Anthony Cronin Award, an exceptional award in memory of poet, writer and Saoi, Anthony Cronin, was awarded to writer Dermot Bolger.

2019 marked the passing of six members: Padraic Fiacc, Ciaran Carson, Ulick O'Connor, Tom McIntyre, Micky Donnelly, and Sonja Landweer.

## Aosdána

Riarann an Chomhairle Ealaíon Aosdána, an mheitheal a thugann ómós d'ealaíontóirí cruthaitheacha ar chuir a gcuid saothair go mór leis na healaíona in Éirinn.

Reáchtáladh Tionól Ginearálta Bliantúil 2019 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Reáchtáladh fáiltiú oscailte ag ar léigh comhaltaí Aosdána Éilís Ní Dhuibhne, Gerry Murphy agus Eiléan Ní Chuilleanáin sleachta agus mar a ndearna John Fitzgerald, Leabharlannaí Ollscoile agus Crónán Ó Doibhlín, Ceann na mBailliúchán Taighde agus na Cumarsáide, cur i láthair ar The Great Book of Ireland. Bhí saothar mac léinn Scannánaíochta, Cheoil, Amharclannaíochta agus Scríbhneoireachta Cruthaithí ó Roinn an Bhéarla i gColáiste na hOllscoile Corcaigh le feiceáil mar chuid de sheisiún poiblí an Tionóil.

Toghadh seisear ball nua: Aideen Barry, Clare Langan agus Margaret Irwin West (Amharc-ealaíon); Anna Burns agus Doireann Ní Ghríofa (Litríocht), Niall McLaughlin (Ailtireacht). Baineadh an bhallaíocht uasta de 250 amach.

Bhí Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, i bhfeighil i searmanas chun ceiliúradh a dhéanamh ar cheapachán an cumadóra Roger Doyle ina shaoi de chuid Aosdána. Bronntar an teideal Saoi ar chomhalta Aosdána as ucht saothar uathúil leanúnach den scoth sna healaíona.

Fuair 151 ball an Cnuas Bronntar an Cnuas chun cabhrú le comhaltaí díriú go lánaímseartha ar a gcuid cleachtais ealaíne. Bhí €17,180 i gceist leis an gCnuas.

Bronnadh Gradam Anthony Cronin, gradam iontach i gcumhne an fhile, an scríbhneora agus an tSaoi Anthony Cronin ar an scríbhneoir Dermot Bolger.

D'imigh seisear comhaltaí ar shlí na fírinne in 2019: Padraic Fiacc, Ciaran Carson, Ulick O'Connor, Tom McIntyre, Micky Donnelly agus Sonja Landweer.

## Some highlights of members' achievements in 2019:

- Colm Tóibín was awarded the Bob Hughes Lifetime Achievement Award at the An Post Irish Book Awards.
